Confinement, *s.*, braiġdeanas; géiḃeann, -ḃinn, *m.*; daoirseaċt, -a, *f.*; luiġeacán, *m.*
Confinement (childbirth) *s.*, luiġṙeóil; breóiteaċt leinḃ.
Confines of a country, *s.*, cóṁ-ḃruaċa; cóiṁ-imil.
Confirm, *v.*, cóiṁ-neartuiġim, cóṁ-ḋaingniġim.
Confirmable, *adj.*, iondaingniġṫe; ionneartuiġṫe.
Confirmation, iris-neartuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; cóiṁ-ṫṛéanaḋ, -ta, *m.*; cóṁ-neartuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; aiṫ-ḃaiste; dul fé láiṁ easpuiġ.
Confirmative, *adj.* } cóiṁ-neartuiġṫeaċ.
Confirmatory, *adj.* }
Confirmed, *p.p.*, cóiṁ-neartuiġṫe.
Confirming, *s.*, cóiṁ-neartuġaḋ, -uiġṫe.
Confiscated, *p.p.*, tóġṫa suas, toiċeḋte.
Confiscation, *s.*, tóġḃáil suas, toiċeḋ, -e, *f.*
Conflagration, *s.*, cóṁlasaḋ, cóṁlosçaḋ; tóitreaċ, -riġ, -riġe, *m.*; tóiteán, -áin, *m.*; mortla.
Conflict, *s.*, cóṁrac, cóṁ-lann; gleó iomḃualaḋ; coinḃlioċt, -a, *m.*
Conflicting, *adj.*, codarsna, *ind.*; gliaṫaċ, -aiġe.
Confluence, inḃear, -ir, *m.*; .i.

áit i dteagṁaid dá ṡruiṫ nó dá aḃainn ar a ċéile.
Confluent, *adj.*, cóṁ-ṡruṫaċ, -aiġe; cóiṁ-ṫeagṁálaċ.
Conflux, *s.*, coṁ-ṡruṫ, cóiṁ-ṫeagṁáil, -ála, *f.*
Conform, *v.*, cóiṁ-ḋreaċtaim; do ḋéanaṁ oireaṁnaċ.
Conformable, *adj.*, oireaṁnaċ; cóṁ-ċoṡṁail.
Conformation, *s.*, cóiṁ-ḋreaċtaḋ.
Conformed, *adj.*, cóiṁ-ḋreaċta, *ind.*, déanta ar nóṡ.
Conformity, *s.*, cóiṁ-ḟreagra, *gen. id.*, *m.*
Confound, *v.*, aiḋṁillim; ṡcannruiġim; léirṁillim; buaiḋrim.
Confounded, *p.p.*, aiḋṁillte; buaḋarṫa; ṡcannruiġṫe.
Confounder, *s.*, mearuiġṫeóir.
Confound you, ġreaḋaḋ ċuġat.
Confraternity, *s.*, bráṫarḋaċt, -a, *f.*; ġo móṙṁóṙ eiḋir ḋaoiniḃ riaġalta.
Confrere, *s.*, cóṁ-ḃráṫair.
Confront, do ċomóraḋ.—*T.C.*; .i. níḋ do ċur óṡ cóṁair neiṫe eile do ċomóraḋ leiṡ.
Confuse, mearuiġim; do ċur amuḋa.
Confused noise, *s.*, ġeóin, -ne, *f.*
Confused, *p.p.*, mearuiġṫe.
Confusion, *s.*, aḋṁille, -llte, *m.*; cóṁḃuaiḋreaḋ, -ḋearṫa, *m.*; náire (shame); eaḋarḃuair; buacair, -e, *f.*; baṫram, -aim, *m.*; riaḋan, -ain, *m.*; mearuġaḋ; aiṫiṡ, -ṡe, -ṡí, *f.* (shame).
Confutable, *adj.*, ṡó-ċlaoiḋte.
Confutation, *s.*, claoiḋ, -te, *m.*
Confute, *v.*, claoiḋim.
Confuter, *s.*, claoiḋteóir, -óra, -óirí, *m.*
Conge, *s.*, úṁluiġeaċt; cromaḋ cinn le húṁlaċt.
Congeal, oiḋriġim; reólacaim; cuiṡniġim.
Congealable, *adj.*, ṡó-oiḋreata;
Congealed, oiḋreata; cuiṡniġṫe.
Congealing, téaċtaḋ, -uiġṫe, *m.*
Congealment, *s.* } oiḋreaḋ,
Congelation, *s.* } -reaṫa, *m.*
Congenial, *adj.*, cóiṁ-ċinéalaċ; caoṁálaċ; don ċinéalċéadna.
Congeniality, } *s.*, cóiṁ-ċinéal-
Congenialness, } aċt.
Congenital, *adj.*, cóiṁ-ḃearṫa.
Conger-eel, earcú-ṁara; caran creige.
Conglomerate, ceirtliġim.
Conglomerated, *p.p.*, ceirtliġṫe.
Conglomeration, *s.*, ceirtliuġaḋ, -liġṫe.
Congratulate, *v.*, cóṁ-ġáirdiġim; cóṁ-lúṫġáirim, earġáirim, ur-ġáirdim; molaim le áṫar.
Congratulation, *s.*, cóṁ-ġáire, cóṁlúṫġáire, cóṁ-ġáirdeaċar, -air, *m.*
Congratulatory, *adj.*, cóṁ-ġáirdeaċ, cóṁ-luṫġáireaċ, ur-ġáirdeaċ.
Congregate, *v.*, do ċruinniuġaḋ; do ċur i ġceann a ċéile.
Congregation, *s.*, pobal, -ail, *m.*; cóiṁ-ṫionól, -óil, *m.*; cóṁ-ċruinniuġaḋ, -iġṫe, *m.*
Congress, *s.*, cóṁ-ḋáil, *gen.*, cóṁ-ḋála, *f.*; cóiṁ-ṫionól daoine.
Congruent, *adj.*, cóiṁ-ḟreagraċ, -aiġe.
Congruity, *s.*, cóiṁ-ḟreagraċt, -ta, *f.*; cóiṁ-réir, -re, *f.*
Congruous, *adj.*, cóiṁ-ḟreagarṫaċ.
Conic, círíneaċ; ṡpéireaċ.
Conjecture, *s.*, baraṁail, -ṁla, *f.*; tuairim, -e, *f.*; tóiṁṡeaċán, -áin, *m.*; doiġ, -e, *f.*
Conjecture, *v.*, ḟóirḃreaṫnuiġim.

Conjoin, *v.*, cóṁ-ċeanglaim.
Conjoined, *p.p.*, cóṁ-ċeangailte.
Conjoint, *adj.*, cóṁ-ċeanglaċ, -aiġe.
Conjugal, *adj.*, pórta; bainear le póraḋ.
Conjugate, *v.*, cóṁluiġim—*T. C.*; foinṗéimniġim.
Conjugation, *s.*, foinṗéim, -e, *f.*—*T.C.*; ṗéimniuġaḋ; cóiṁḃéarlaċt, -ta, *f.*
Conjunct, *adj.*, cóiṁ-ċeangailte.
Conjunction, ceangal, -ail, *m.*; cóiṁ-ċeangal, -ail, *m.*; cóṁnarc, -airc, *m.* (part of speech).
Conjuration, *s.*, gearadóirṗeaċt; deaṁnóirṗeaċt, -a, *f.*
Conjure, *v.*, guiḋim.
Conjurer, *s.*, lúṫ-ċleasruiḋe, draoiṫeadóir, foilċeadtóir
Conjuring, *s.*, lúṫ-ċleasaċt; deaṁnóirṗeaċt.
Connect, *v.*, cóiṁ-ċeanglaim.
Connecting, *adj.*, ceangailteaċ.
Connection, *s.*, coiṁ-ċeanglaḋ; ceangaltas, -ais, *m.*
Connection (a relation), *s.*, gaol; -aoil, *m.*; dáṁ, -áiṁ, *m.*
Connective, *adj.*, cóiṁ-ċeanglaċ.
Connive, *v.*, do leigeann ṫart níḋ do ḃféidir leat a ṫoirmearc.
Connor-fish, ballaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; báirneaċ, -niġ, -niġe, *m.*
Connubial, lánaṁnaċ, lánaṁnaiġṫeaċ—*T.C.*
Conquer, *v.*, claoidim; do ċur fé smaċt.
Conquerable, *adj.*, ionċlaoiḋte.
Conquering, *adj.*, buaḋṁar, buaḋaċ.
Conqueror, *s.*, claoiḋteóir, -óra, -óirí, fear gaḃála.
Conquest, *s.*, buaiḋ, -te, *m.*; claoiḋeaḋ, -ḋte, *m.*; gaḃáltar, -air, *m.*; gaḃáil, *gen.* & *pl.*, gaḃála; forḃair, -e, *f.*: do ḋéanaṁ forḃair fór Éirinn, to make a conquest of Ireland.—*Ann. Tig.*
Consanguineous, *adj.*, cóṁġaoil.
Consanguinity, *s.*, gaol fola; dáṁ, *gen.* & *pl.* dáiṁ, *m.*; cóṁ-ḃráiṫreaċar, -air, *m.*; cóṁ-ḟoġur, cóṁ-ġaol, *gen.* -aoil, *m.*
Conscience, *s.*, cogusar, air, *m.*; coinsiar, -air, *m.*
Conscientious, *adj.*, díreaċ, -ġe; deiġ-ṁianaċ, -aiġe.
Conscientiously, go díreaċ.
Conscientiousness, *s.*, cearṫ, -eirṫ, *m.*; ionnsacar, -air, *m.*
Conscionable, *adj.*, ionnsaic.
Conscious, *adj.*, cóiṁ-ḟiosaċ, cóiṁ-eólaċ.
Consciousness, *s.*, cóiṁ-ḟios.
Conscript, *s.*, fear toġṫa le crannċur ċum dul ċum cogaiḋ.
Conscription, *s.*, toġaḋ le crannċur.
Consecrate, *v.*, coisreacaim, naoṁ-ċoisriġim, deoḃronnaim, beannuiġim.
Consecration, *s.*, coisreacán, -áin; naoṁ-ċoisreacaḋ, -cta, *m.*; coisreacaḋ, -cta, *m.*
Consecrated, *p.p.*, coisreaċta, beannuiġṫe; deoḃronnta.
Consecutive, *adj.*, eagsraċ; leanṁaineaċ; leantaċ.
Consent, *v.*, aontuiġim, cóṁaontuiġim; cóṁ-ṫoiliġim; aontoilim, toiliġeaċt ceaduiġim, deónuiġim.
Consent, *s.*, aonta, *gen. id.*, *m.*; déoin, -ne, *f.*; ceaḋ, -a, *m.*
Consentient, Consentaneous, *adj.*, toileaṁail; aontaċ; toilteanaċ.

Consenting, *s.*, ᴅeónuġaḋ; cóiṁ-ċeaᴅuġaḋ.
Consequence, *s.*, ıaɾeaʒaɾ, ıaɾmaɾt, táḋḃaċt : taᴍaoıᴅ ı ḃɾeıḋıl ʒnóṫa ɾó-ṫáḃaċtaıġ, we are about business of great consequence ; ıaɾʃᴍa.
Consequential, *adj.*, ıaɾeaʒaɾaċ táḃaċtaċ.
Consequently, *adv.*, ᴅo ɾéıɾ aɾ an áḋḃaɾ ʃoın.
Conservation, ᴅíon, ᴅíᴅean ; coʃnaṁ.
Conservative, *adj.*, coʃnaṁaċ, -aıġe.
Conservative, *s.*, ᴅíᴅeanóıɾ ; ᴅılḋíᴅeanóıɾ ; ᴅíonuıġṫéoıɾ.
Conservator, *s.*, cuṁᴅuıġṫeóıɾ.
Conserve, ᴅo ṙáḃáıl; ᴅo ċúṁᴅaċ.
Consider, *v.*, léıɾṁeaɾaım : ʒaċ níḋ ᴅo léıɾṁeaɾ ʒo ɾéıḋ, ʃocaıɾ, to consider everything leisurely; bɾeaṫnuıġım, cuıṁnıġım, cuıṁnıġ caᴅ tá aʒat ᴅá ḋéanaṁ, consider what you do; maċtnuıġım, ʃmuaınım.
Considerable, *adj.*, ınṁeaɾta, móɾḋaċ.
Considerate, *s.*, ʃmuaınteaċ, -tıġe ; ʃmuaınteaṁaıl, -ṁla.
Consideration, *s.*, ʃuım, *gen.* -e, *f.* ; ʃmuaıneaḋ, -nte, *m.* ; léıɾṁeaɾ, -ʃta, *m.* ; cuıṁne, *gen. id.*, *f.* ; bíoḋ cuıṁne ḃeaʒ aʒat oɾm-ʃa, have a little consideration for me.
Considering, *s.*, maċtnaṁ, -aıṁ, *m.* ; bɾeaṫnuġaḋ, -uıġṫe, *m.* ; léıɾṁeaɾ, -ta, *m.* : aʒuɾ ıɾ tɾuaıġ ʒan ᴅul ʒo ᴅtí an ɾáılle aʒuɾ an aımɾıɾ ḃɾeáġ atá aʒaınn, it is a pity not to go to the sea-side, considering the fine weather we are having.
Consign, *v.*, tíoḋlaıcım, cóṁ-ṫaɾaıġım.
Consignable, *adj.*, cóṁ-ṫaɾaċaṁaıl.
Consigned, tíoḋlacṫa.
Consignment, *s.*, cóṁ-ṫaɾaċaḋ tíoḋlacaḋ, -cṫa, *m.*
Consist, *v.*, ᴅéanaḋ ʃuaɾ.
Consistence, *s.* } ıoᴍláıneaċt,
Consistency, *s.* } -a, *f.* ; ɾéımeaṁlaċt ; cóıṁ-ṙeaɾṁaċt, tıuġᴅaɾ, -aıɾ, *m.*
Consistent, *adj.*, beaċt, -ta; ıoᴍlán, -áıne ; cóıṁ-ṙeaɾṁaċ, -aıġe.
Consistory, *s.* cúıɾt eaʒlaıɾe.
Consolable, *adj.*, ıonɾólaɾta.
Consolation, *s.*, cóṁ-ṙóláɾ, -aıɾ, *m.* ; cóṁ-ṙuɾtaċt, -a, *f.*
Consolatory, *adj.*, cóṁ-ṙóláɾaċ, -aıġe ; cóṁ-ṙuɾtaċ, -aıġe.
Console, *v.*, cóṁ-ṙóláɾaım, cóṁ-ṙuɾtuıġım.
Consoler, *s.*, cóṁ-ṙuɾtuıġṫeóıɾ, -óɾa, -óıɾí, *m.*
Consolidate, *v.*, ᴅo ċɾuaḋaḋ; ᴅo ḋéanaṁ cɾuaıḋ.
Consolidation, *s.*, cɾuaḋaḋ, -aıḋte, *m.*
Consonance, *s.*, cóṁ-ġlóɾ.
Consonant, *s.*, cóṁ-ṙuaım, *gen.*, -e, *pl.*, ċóṁ-ṙuaımne, *f.* ; conʃoıne, aıɾċean ; cóṁ-ġoṫa.
Consonous, *adj.*, aonġuṫaċ, -aıġe, cóṁ-ṙuaımneaċ.
Consort, *s.*, céıle, ʃo-nuaċaɾ: ʃéan aʒuɾ ʃo-nuaċaɾ maıṫ ċuʒat, happiness and a good consort to you.
Consort, *v.*, cuıᴅeaċtaın ; cuıᴅeaċta ᴅo ċonʒḃáıl.
Conspicuity, *s.*, ʃóıléıɾeaċt, -a, *f.* ; ʃo-ṙaıcʃeaċt.
Conspicuous, *adj.*, ʃóıléıɾ, -e, ıoᴍɾáıḋteaċ, -tıġe ; ɾıaḋnaɾaċ, -aıġe ; ʃóṙaıcʃeaċ.

Conspicuously, *adv.*, ʒo ʃoiléiṛ.
Conspiracy, *s.*, cóṁ-ċoʒaṛ, -aiṛ, *m.*; ceannaiṛc, -e, *f.*; cóiṁ-ċealʒ, -ċeilʒe, *f.*; ƒeall, -éille, *f.*; cóṁ-ṛún, -úin, *m.*; ʃioṛma, *gen. id.*, *m.*; ƒeilṁian, -ṁéine, -a, *f.*
Conspirator, *s.*, cóṁ-ċoʒṛaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; ƒeallʃaiṛe, *gen. id.*, *m.*
Conspirators, *s.*, } luċt cóṁṛún,
Conspirers, } -úin, *m.*
Conspire, *v.*, cóṁ-ċoʒṛaim, coṁ-ṛúnaim, ƒeallaim.
Constable, *s.*, ʃíoṫ-ṁaoṛ, -oiṛ, *m.*; ʃíoṫ-ċoimeáduiḋe.
Constabulary, ʃíoṫ-ṁaoiṛ; luċt ʃíoṫ ċoiméaḋ.
Constancy, buaintʃeaʃṁaċt; neaṁ-ċoṛṛuiġeaċt.
Constant, *adj.*, buan, ḋian; buaintʃeaʃṁaċ; ṛéimeaṁail; ḋoaiʃtṛiġṫe.
Constantly, *adv.*, biṫ-ṙíoṛ; i ʒcóṁnuiḋe; coitċeannta.
Constant endeavour, *s.*, ḋiċeall ʒnáṫaċ.
Constant rain, *s.*, ƒeaṛṫainn ġnáṫaċ.
Constant recollection, *s.*, bioṫ-ċuiṁne.
Constant report, *s.*, biaḋán buan.
Constellation. *s.*, cóiṁ-ṛéalt, -éilte, -a, *f.*; ʒṛioʒċán, -áin, *m.*; ṛéalt-ġṛiʒléan, -ain, *m.*; cóṁ-ṙoilʃe, *m*; ṛéalt-ḃuiḋean; ṛínn-ṛéim.
Constellations, *s.*, áiṛḋṛeanna.
Consternation, *s.*, ʃceón, -óin, *m.*; uaṫḃáʃ, -áiʃ, *m.*; ʃéile, *gen. id.*, *f.*; ionʒnaḋ.
Constipate (to thicken), *v.*, ḋo ṫiuġaḋ.
Constipate (to make costive), ʒuntaim.
Constipation, *s.*, tiuġaḋaʃ, -aiʃ; ʒuntaċt.
Constituent elector, *s.*, toġṫóiṛ, -óṛa, -óiṛí, *m.*
Constitution, *s.*, ṛíoġaċt, -a, *f.*; nóṛtíṛe; cáiliḋeaċt na colna.
Constrain, *v.*, cóiṁ-éiʒniġim; ḋ'aiṁḋeónaḋ.
Constraint, *s.*, ƒoiṛéiʒean, -in, *m.*; cóiṁ-éiʒniuġaḋ, -niġṫe, *m.*; cóiṁ-éiʒean, -in, *m.*
Constrict, *v.*, cóṁ-ċṛapaim.
Constriction, *s.*, cóṁ-ċṛapaḋ, -pṫa, *m.*
Constrictive, *adj.* cóṁ-ċṛapṫaċ.
Constringe, cóiṁ-ṫeannaim.
Constringent, *adj.*, cóiṁ-ṫeannaċ.
Construct, *v.*, ƒoiṛniġim; cóṁ-ṫóʒḃaim.
Construction, *s.*, ƒoiṛʒneaṁ, -niṁ, *m.*; cóṁ-ṫóʒḃáil, -ála, *f.*
Construction (grammatical), *s.*, cóiṁ-ṛéiṛ, -e, *f.*
Constructive, *adj.*, ƒoiṛʒniġṫeaċ.
Constructiveness, *s.*, ƒoiṛʒniġeaċt.
Constructor, *s.*, ƒoiṛniġṫeóiṛ.
Construe, *v.*, míniġim; ḋo ċialluġaḋ.
Consubstantial, *adj.*, cóṁ-ʃubʃtainteaċ, -tiġe.
Consubstantiality, *s.*, cóṁ-ʃubʃtainteaċt.
Consubstantiation, *s.*, cóiṁ-ḃṛíoġaċaḋ.
Consul, *s.*, ṗṛoḃal, -ail, *m.*
Consular, *adj*, ṗṛoḃalaċ.
Consulate, } *s.*, ṗṛoḃalaċt, -a,
Consulship, } *f.*
Consult, *v.*, cóṁaiṛle ḋ'iaṛṛaiḋ.
Consultation, *s.*, cóṁaiṛliuġaḋ, -liġṫe, *m.*; cóṁ-ċóṁaiṛle, *gen. id.*, *pl.* -leaċa, *f.*
Consultative, *adj.*, cóṁaiṛliġṫeaċ.

Consulter, *s.*, an té iarrar cóṁ-airle.
Consume, *v.*, caiṫim ; iṫim ; longaim ; cnaoiḋim.
Consuming, *s.*, caiṫ, -ṫte; cnaoiḋ.
Consuming slowly, *s.*, ṡáṁ-ċnaoi.
Consummate, *v.*, críoċnuiġim ; do ḋéanaṁ iomlán ; cóiṁlíon-aim.
Consummate, *adj.*, foirfe.
Consummation, *s.*, críoċnuġaḋ, -uiġṫe, *m.* ; críoċ, -íċe, -a, *f.*
Consumption (a wasting disease), *s.*, meaṫanar, -air, *m.* = meaṫ-ṫinnear ; cinṁeaṫ, cnaoi, ṡcaṁ-ċnaoi ; eitinn, -ne, *f.* ; meṫinear ; troṫluġaḋ, -uiġṫe.
Consumption (decay), *s.*, ṡeirg ; cnaoiḋ, -te, *m.* ; ṡeirgliġe, caiṁte.
Consumptive, *adj.*, cnaoiteaċ, ṡeirgliġeaċ ; caiṁteaċ ; ṡeirgṫe.
Consumptiveness, *s.*, cnaoiteaċt, -a, *f.* ; ṡeirgliġeaċt, -a, *f.*
Contact, *s.*, cóṁḃualaḋ, -ailte, *m.*
Contagion, *s.*, aicíd, nó olc ṡo-ġlacṫa nó ṡo-ġaḃála.
Contagious, *adj.*, gaḃáltaċ : tá mianfuiġil gaḃáltaċ, yawning is contagious ; tógḃáltaċ.
Contagiousness, *s.*, gaḃáltaċt.
Contain, *v.*, do ċongḃáil : duine do ċongḃáil a ḟeirge, to contain oneself.
Contaminate, *v.*, truailliġim.
Contaminated, *p.p.*, truailliġṫe.
Contamination, *s.*, truailliḋeaċt, -a, *f.*
Contemn, *s.*, do ḋíṁearaḋ.
Contemner, *s.*, díṁeartóir, -óra, -óirí.
Contemplate, *v.*, airṡcim, maon-uiġim ; dian-ṡmuaineaṁ.
Contemplation, *s.*, maċtnaṁ ; rinn-ṁaċtnaṁ, from rinne, the understanding ; naoṁ-ṡmuaineaḋ -te, *m.* ; aṁarc na ṡpioraide, airṡce, *f.*
Contemplative, *adj.*, rinn-ṁaċt-naṁaċ, airṡgeaċ.
Contemplativeness, *s.*, airṡceaċt.
Contemporaneous, *adj.*, cóṁ-aoiṡ.
Contemporaries, *s.*, cóṁḋaoine.
Contemporary, *adj.*, cóṁaoṡaċ.
Contemporary, *s.*, cóṁaimṡear-aċ, -aiġ, -aiġe, *m.* ; congа, *gen. id.*, *f.*
Contempt, *s.*, droċ-ṁear, -ta, *m.* ; díṁear, -ta, *m.* ; ṡpíd, -e, *f.* ; tarcuiṡne, *gen. id.*, *f.* [taṫaoir, diobbar, dioġna, diṁiccin, dinniṡ, foċṁaḋ, ṡoruaiṡleaġaḋ].
Contemptible, *adj.*, díṁeaṡtaċ; ṡpíḋeaṁail, -ṁla ; tarcuiṡ-neaċ, -niġe ; táireaċ, -riġe ; ṡcrutaċ ; beagluaċṁar, -aire.
Contemptuous, *adj.*, ṡpíḋeaċ, -diġe; tarcuiṡneaċ, -niġe; táireaṁail, -ṁla.
Contemptuousness, *s.*, ṡpíḋeaṁ-laċt, -a, *f.*
Contend, *v.*, do ċur i n-aġaiḋ ; do ḋéanaḋ cionnairce ; to contend about nothing, do ḋéanaṁ cionnairce fé neiṁ-níḋ.
Content, *s*, táim ṡáṡta, I am content ; duine ḃeiṫ ṡáṡta le na innṁe ḃig fein, to be contented with one's small fortune—*O'Beg.*
Contented, *adj.*, ṡáṡta, *ind*: iṡ cuirm ġnáṫaċ inntinn ṡáṡta, a contented mind is a continual feast ; ṡáṡta le beagán, contented with little.

Contentedly, *adj.*, ʒo ɾáɾtɑ.
Contentedness, *s.*, ɾáɾtɑċt, -ɑ, *f.*
Contention, *s*,, ɑiġneɑɾ, -iɾ, *m.*; ciɑpál, -ál̇ɑ, *f.*; conɾpóiɗe, -e, *f.*; imɾeɑɾán, -áin, *m.* [cointin, ɾpɑiɾn, ɾɑnnɑɗ, imniɾi, ɗɾeɑnn, cɑɗɾán, imɾeɑɾʒnɑ].
Contentious, *adj.*, ciɑpálɑċ; conɾpóiɗeɑċ; cɑɗɾánɑċ [ɗeɑɓ̇ṫɑċ, cointinneɑċ, tɾoɗánɑċ, tɾoɗṁɑɾ, ɗeɑɓ̇lɑċ].
Contentiousness, *s.*, ciɑpálɑċt, -ɑ, *f.*; tɾoɗánɑċt, -ɑ, *f.*; conɾpóiɗeɑċt, -ɑ, *f.*; ɾpɑiɾníɗeɑċt, -ɑ, *f.*
Contentment, *s.*, ɾiɑɾɑċtintinne, -e, *f.*; ɾáɾtɑċt, -ɑ, *f.*
Contents of, ɾuim: ɓɾiġ nó éiɾeɑċt litɾe, the contents of a letter.
Conterminal, *s.* } *adj.*, cóṁ-
Conterminous, *s.* } ɓɾuɑċɑċ; cóiṁ-imeɑlɑċ.
Contest, *s.*, imɾeɑɾ, -ɾiɾ, *m.*: iɾ ɾeáɾɾ imɾeɑɾ ná uɑiʒneɑɾ, strife is better than loneliness; ɾáiɗteɑċɑɾ, -ɑiɾ, *m.* (wordy).
Contest, *v.*, tɾoiɗim; ɗo ɗéɑnɑɗ ɓuɑiɗɾiṁ.
Contestable, *adj.*, iontɾoiɗte.
Context, *s.*, neiṫe ɑʒ ɑ mɓíonn cóiṁċeɑnʒɑl le céile ɑcɑ.
Contiguity, cóṁʒɑɾɑċt; ʒoiɾeɑċt; neɑɾɑċt, -ɑ, *f.*
Contiguous, cóṁʒɑɾɑċ; i nʒɑɾ; ɗlúṫ.
Contiguousness, cóṁʒɑɾɑɾ, -ɑiɾ, *m.*; ɗlúɾ, -úiɾ, *m.*; ɾoiʒɾe, *gen. id.*, *f.*
Continence, *s.* } ionnɾɑcɑɾ, -ɑiɾ;
Continency, *s.* } ʒeɑnmnɑiɗeɑċt, -ɑ, *f.*
Continent (chaste), *adj.*, ionnɾɑic, ʒeɑnmnuiɗe.
Continent, *s.*, móiɾ-ṫíɾ, -e, -íoɾṫɑ, *f.*
Contingence, } *s.*, teɑʒṁɑɾ, -ɑiɾ,
Contingency, } *m.*
Contingent, *adj.*, teɑʒṁɑiɾeɑċ; neiṁ-ɗeiṁin, -e; neiṁ-ċinnte, *ind.*
Continual, *adj.*, ʒnáṫɑċ, -ɑiġe; ciɑn-ṁɑɾṫɑnɑċ, -ɑiġe; ioɾɗálta, *ind.* -ɑine.
Continually, *a.*, ɗo ġnáṫ, ɗo ṙíoɾ.
Continuance, lonuġɑɗ, ɓuɑine, *f.*; ɓuɑnɑɾ, -ɑiɾ, *m.*; continually, asking or pressing a person to do a thing, tɑṫɑnt ɑiɾ.
Continuation, *s.*, ɓuɑnuġɑɗ, ɓuɑnɑɗ; cóiṁ-ṙíneɑɗ.
Continue, ɓuɑnuiġim; ɑitċim ṫu ɗo ċáiɾɗeɑɾ ɗo ɓuɑnuġɑɗ ɗom, continue your friendship for me, I pray you; leɑnṁɑin ɗe.
Continuity, *s.*, ɓuɑnɑċt, -ɑ, *f.*
Continuous, *adj.*, ɓunɑine, leɑnṁɑinteɑċ, -tiġe.
Contort, *v.*, ɾiɑɾɑim; ɗo ċɑɾɑɗ.
Contortion, *s.*, ɾiɑɾɑɗ, -ɾṫɑ, *m.*; cɑɾɑɗ.
Contour, *s.*, ɗɾeɑċ, -ɑ, *m.*
Contra (Latin *prep.*), i n-ɑġɑiɗ; i ʒcoinne.
Contraband, *adj.*, neiṁ-ɗliɾteɑnɑċ, -ɑiġe.
Contrabandist, *s.*, tɑllṫóiɾ, -óɾɑ, -óiɾí, *m.*
Contract, *s.*, connɾɑɗ, -nɑɾṫɑ, *m.*; mɑɾʒɑɗ, -ɑiɗ, *m.*; ɾeɑċtċeɑnʒɑl, -ɑil, *m.*; ɗlúiṫċeɑnʒɑl, -ɑil, *m.*; coinġeɑl, -íl, *m.*; ɗɑinʒeɑn, *gen.* ɗɑinʒin, *pl.* ɗɑinʒne *m.*
Contract, *v.*, cɾɑpɑim; ɗo ġioɾɾuġɑɗ; ɗo ɗéɑnɑṁ ɑṫċumɑiɾ.
Contract debts, ɗo ɾiṫ i ɓɾiɑċɑiɓ.
Contracted, *p.p.*, cɾɑpṫɑ, cóṁtɑɾnʒṫɑ.
Contractedness, cɾɑpṫɑċt, -ɑ, *f.*

Contractible, *adj.*, ſo-ċrapṫa.
Contractibility, *s.* } ſo-ċrap-
Contractibleness, *s.* } ṫaċt, -a, *f.*
Contracting, *s.*, crapaḋ, -pṫa, *m.*; aʒ déanaṁ marʒaiḋ.
Contraction (abbreviation), *s.*, noḋ -a, *m.*
Contractor, *s.*, marʒṫóir.
Contradict, *v.*, do ráḋ i n-aġaiḋ; bréaʒnuiġim.
Contradiction, *s.*, bréaʒnuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; ꝼrioṫráḋ, -ráiḋte, *m.*, aiṫceó.
Contradictoriness, *s.*, ꝼrioṫráiḋteaċt, bréaʒnuiḋeaċt, -a, *f.*
Contradictory, *adj.*, contráṙḋaċ, -aiġe; ꝼrioṫráiḋteaċ, -tiġe.
Contradistinction, *s.*, éiḋirḋealuġaḋ, -uiġṫe, *m.*
Contradistinguish, *v.*, eiḋirḋealuiġim.
Contrariety, *s.* } contráṙḋaċt,
Contrariness, *s.* } -a, *f.*; eaſaontaċt, -a., *f*
Contrary, *adj.*, contráṙḋa, eaſaonta, *ind.*
Contrast, *v.*, eiḋirḋealuiġim.
Contravene, *v.*, bacaim; toirmeaſcaim.
Contravention, *s.*, toirmeaſc, -miſc, *m.*; bac, -aic, *m.*
Contributary, *adj.*, } conʒantaċ,
Contributory, *adj.*, } -aiġe.
Contribute, *v.*, do ċuiḋiuġaḋ; conʒnaṁ do ṫaḃairt; do ċuiḋiġeaſ nó do ċonʒnaſ leiſ, do ċur leiſ.
Contribution, *s.*, ꝼorba, *gen. id.*, *m.*; ſíntúſ, -úiſ, *m.*
Contrite, *adj.*, aiṫriġeaċ; cóṁ-ḃrúite; croiḋe-ḃrúite.
Contrition, *s.* aiṫriġe; coṁ-ḃruġaḋ, -uiġte, *m.*; doilġeaſ croiḋe; *gen.* doilġiſ ċroiḋe, *m.*; croiḋe-ḃruġaḋ, -uiġte, *m.*; leóṙ-ḋoilġeaſ, -ġiſ, *m.*

Contrivance, *s.*, tionnſcnaṁ, -aiṁ, *m.*; tiaſcaḋal, -ail, *m.*; ſiḃt, -a, *f.*
Contrive, *v.*, tionnſcnaiṁ: he contrived that machine, do ṫionnſcain ſé an óirníſ ſin; I contrived a sort of closet in my room to put things out of the way, do ṫionnſʒnaſ ſóṙt clóiſéiḋ im' ṡeomra ċum neiṫe do ċur aſ an ſliġe—*O'Beg.*
Control, *v.*, coiſcim, ſmaċtuiġim, ſríanaim.
Controllable, *adj.*, ion-ċoſcṫa; inſriantа; ſo-ſmaċtuiġṫe.
Controversial, *adj.*, ciapálaċ.
Controversialist, *s.*, deaſpóiriḋe, *gen. id.*, *m.*; ꝼuibiʒe; ciapáluiḋe.
Controversy, *s.*, deaſpóireaċt, -a, *f.*; cóṁ-ċaint, -te, -teanna, *f.*; ꝼuibiʒeaċt, -a, *f.*; connſpóiḋ, -e, *f.*; taʒra, *gen.* & *pl.* taʒarṫa, *m.*; ciapáil, -ála, *f.*
Controvert, *v.*, deaſpóirim.
Controvertible, iontaʒarṫa.
Contumacious, *adj.*, doi-ċeannſa.
Contumaciousness, } doi-ċeann-
Contumacy, } ſaċt; ceannḋánaċt.
Contumelious, *adj.*, aiṫiſeaċ, maſluiġṫeaċ.
Contumely, *s.*, aiṫiſ, -e, *f.*; maſla, *gen. id.*, *m.*
Contuse, *v.*, brúiḋim.
Contusion, *s.*, bruġaḋ, -iġṫe, *m.*
Conundrum, *s.*, duḃꝼocal, -ail, *pl.* -ocla, *m.*; toṁaſ, *gen.* -aiſ, *pl.* toṁaſanna, *m.*; ceiſt.
Convalescence, *s.* ꝼaoiſeaṁ, -ſiṁ, *m.*; biſeaċ, -iġ.
Convalescent, *adj.*, ꝼaoiſeaṁaċ, -aiġe; aṙ biſeaċ.
Convene, *v.*, cóṁ-ċruinniġim, coṁ-ṫionólaim.

Convener, cóṁ-ċṗuinniġṫeóiṗ, -óṗa, -óiṗí, *m.*
Convenience, *s.* } oiṗeaṁneaċt,
Conveniency, *s.* } -a, *f.*
Convenient, *adj.* (1), fit, suitable, oiṗeaṁnaċ, -naiġe; (2), cóṁ-ġaṗaċ, -aiġe (near).
Convent, *s.*, cloċaṗ, -aiṗ, *m.*
Conventicle, *s.*, poḃal neiṁ-ḋliṗteanaċ.
Convention, *s.*, coṁ-ḋáil, -ála, *f.*; coṁ-ṫionól, -óil, *m.*; ṗeiṗ, -e, -eanna, *f.*; móṗḋáil, -ála, *f.*; oiṗeaċtaṗ, -aiṗ, *m.*; aonaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; áṗo-oiṗeaċtaṗ, -aiṗ, *m.* [ṗuoṁóṗ, *f.*, .i. tionól no teaġlaṁaiḋ].
Conventional, *adj.*, ġnáṫaċ.
Conventionalism, *s.* } ġnáṫaṗ,
Conventionality, *s.* } -aiṗ, *m.*
Conventionary, *adj.*, coinġealaċ (settled by contract).
Conversable, *adj.*, cóṁ-ṗáiḋteaċ; láġaċ.
Conversableness, *s.*, cóṁ-ṗáiḋ-teaċt, -a, *f.*
Conversant, *adj.*, táṫuiġṫeaċ.
Conversation, cóṁ-ṗáḋ: leiġeaṗ ġaċ bṗón coṁṗáḋ; cóṁ-luaḋaṗ, -aiṗ, *m.*; aġallaṁ, -aiṁ, *m.*; *gen.* aġallṁa, *m.*; aṗcal, -ail, *m.*; iom-ṗáḋ, cóṁlaḃaiṗt.
Conversational, *adj.*, cóṁ-ṗáiḋ-teaċ; cóṁ-ċainnteaċ.
Conversationalist, *s.*, cóṁ-ċain-teóiṗ, -óṗa, -óiṗí, *m.*
Conversazione, *s.*, caint-ṗeiṗ, -e, -eanna, *f.*
Converse, *v.*, cóṁ-labṗaim.
Conversion, *s.*, iompóḋ, -póiḋ, *m.*; tiontóḋ, -óiḋ, *m.*
Convert, *v.*, iompuiġim, tiontuiġ-im: páġánaċ ḋ'iompóḋ nó do ṫiontóḋ ċum an ċṗeiḋiṁ ċṗíoṗtaṁail, to convert a heathen to the Christian faith.
Convertibility, *s.*, in-tiontuiġ-ṫeaċt, -a, *f.*
Convertible, *adj.*, in-tiontuiġṫe; ro-iompuiġṫe.
Convey, *v.*, iomċaṗaim, taṗṫreóṗ-aim; do ḃṗeiṫ leiṗ: má ṫugaṗ ḋaṁṗa é ḃéaṗṗaḋ liom ċuige ṗin é, if you give it to me I shall convey it to him; duine do ḃṗeiṫ aṗ ġuaṗaċt, to convey a man out of danger.—*O'Beg.*
Conveyable, *adj.*, in-iomċuṗaċ.
Conveyance, *s.*, iomċuṗ, -aiṗ, *m.*
Convict, *s.*, daoṗ, -aoiṗ, *m.*, .i. duine ḋaoṗṫaṗ tré ċoiṗ.
Convict, *v.*, daoṗaim.
Convicted, *p.p.*, daoṗṫa.
Conviction, *s.*, daoṗaḋ, -ṗṫa, *m.*
Convictive, *adj.*, daoṗṫaċ.
Convince, *v.*, do ċuṗ aiṗ; áitiġim: ḋ'áitiġeaṗ aiṗ go ṗaiḃ an ceaṗt agam-ṗa, I convinced or persuaded him that I was right.
Convincible, ionáitiġṫe.
Convincing, áiteaṁ, -tiṁ, *m.*
Convivial, *adj.*, ṗúgaċ; cuiṗṁeaċ (from cuiṗm, a kind of beer or ale used by the ancients).
Conviviality, *s.*, ṗúgaċt, -a, *f.*; cuiṗṁeaċt, -a, *f.*
Convocation, *s.*, cóṁ-ġairm, -a, cóṁ-ḋáil, -ála, *f*; tionól eaġlaiṗe.
Convoke, *v.*, cóṁ-ḋáilim, cóṁ-ġairmim; cóṁ-ġlaoḋaim; cóṁ-ċṗuinniġim.
Convoluted, *adj.*, ioṫcoṗnta.
Convolution, ioṫcoṗnaḋ.
Convolve, ioṫcoṗnaim.
Convolvulus (a plant), duilleṁeal.
Convoy, *v.*, cóiṁṗeólaim.
Convoy, *s.*, cóṁ-ḃuiḋean, *gen.* & *pl.*, -ḋne, *dat.*, -ḋin, *f.*

Convulse, *v.*, ꝑéabaim.
Convulsion, *s.*, iomḋṙaing; ꝑéiṫ-ċṙaraḋ, -ṙṫa, *m.*
Convulsions, *s.*, aṙṙaing, -e, *f.*
Cony, Coney, *s.*, coinín, cuinín.
Coo, *s.*, ḋúṙḋál.
Cooing, *s.*, buiḋintеaċt; cuṙṙúcaḋ.
Cook, *s.*, bṙuiṫeaċ, cócaiṙe.
Cook, *v.*, ḋ' oilṁuġaḋ bíḋ.
Cookery, bṙuiṫeaċt, cócaiṙeaċt, ꝑualaċtaḋ.
Cool, *adj.*, ꝑionn-ꝑuaṙ, -a.
Cool, *v.*, ꝑionnꝑuairim.
Cooling, ꝑionn-ꝑuaṙaḋ, -ṙṫa, *m.*
Coolish, *adj.*, ꝑionn-ꝑuaṙaċ, -aiġe.
Coolness, *s.*, ꝑionn-ꝑuaiṙe.
Coop, *s.*, cṙot.
Cooper, *s.*, ṙoiġṫeóiṙ, ꝑonnṙaiṙe, ꝑonnṙaḋóiṙ, ꝑonnṙóiṙ.
Cooperage, *s.*, teaċ-ṙoiġṫeóiṙ.
Co-operate, *v.*, cóṁ-oibṙiġim.
Co-operation, *s.*, cóṁ-oibṙiuġaḋ; cunġaṙ; cóṁ-obaiṙ.
Co-operator, *s.*, cóṁ-oibṙiġṫeóiṙ, -ṙṫa, óiṙí, *m.*
Coopery, *s.*, ꝑonnṙaḋóiṙeaċt; ṙoiġṫeóiṙeaċt, -a, *f.*
Co-ordinate, *adj.*, ṙaṁail-ċéimeaċ; ċóṁ-ṫṙom-ċéimeaċ.
Co-ordination, *s.*, ṙaṁail-ċéimeaċt, -a, *f.*; cóṁ-ṫṙomċéimeaċt, -a, *f.*
Coot, *s.*, ceaṙc-uiṙce.
Cop, *s.*, *obs.*, ceann; baṙṙ neiṫe aṙ biṫ; cuiṙṙcínn bíoṙ aṙ ċeannaiḃ éanlaiṫ.
Co-partner, *s.*, cóṁ-ṗáiṙtiḋe, *gen.* & *pl.* *id.*, *m.*
Co-partnership, *s.*, coṁ-ṗáiṙtiḋeaċt.
Cope, *s.*, éiḋe ꝑaġaiṙt.
Cope (with), *v.*, cóiṁ-ġleicim.
Copestone, *s.*, cloċ-ċaiṙín.
Copier, *s.*, aiṫṙcṙíḃneóiṙ.
Coping, *s.*, caiṙín.
Copious, *adj.*, líonṁaṙ, -aiṙe; iomaḋaṁail, -ṁla; ainḃeaċ, aċmaingeaċ.
Copiousness, *s.*, líonṁaiṙeaċt; iomaḋaṁlaċt, -a, *f.*; ainḃeaċt, aċmaingeaċt.
Co-ploughing, *s.*, cóṁaṙ, -aiṙ, *m.*
Copper, *s.*, uṁa, *gen.* *id.*, *m.*; cṙón, -óin, *m.*; coṙaṙ, -aiṙ, *m.*; ꝑionnbṙuiṫne—*Ezra*, viii, 27.
Copperas, *s.*, coṙaṙúṙ, -úiṙ, *m.*
Copper-coloured, *adj.*, cṙón-ḃuiḋe.
Copperish, *adj.*, uṁaċ.
Coppersmith, *s.*, gaḃ-uṁa.
Coppice (copse), *s.*, ꝑṙioṫ-ċoill; gaṙán.
Coprolite, *s.*, caca ṙt, -aiṙt, *m.*
Copse, *s.*, ꝑṙioṫ-ċoill.
Copulate, *v.*, cóiṁ-liġim.
Copulation, *s.*, coinciuġaḋ, cóiṁṙiactuin; céilíḋeaċt, -a, *f.*; cóiṁ-liġe, ꝑeiṙ; lánaṁnaṙ; luaiḋe; bloc, -uic, *m.*
Copulative, *adj.*, lánaṁnaċ; cóiṁ-ċeangailteaċ.
Copy, *s.*, cóib, cóiṙ; ṙompla; mac-ṙaṁail.
Copy-book, *s.*, leaḃaṙ-ṙompla.
Copying, *s.*, aiṫ-ṙcṙíoḃaḋ; ḋo ṙcṙíoḃ amaċ aṙ níḋ eile.
Copy of a book, *s.*, mac leaḃaiṙ.
Copyhold, *s.*, caiṙt-ṙealḃ.
Copyholder, *s.*, caiṙt-ṙealḃuiḋe.
Copyist, *s.*, aiṫṙcṙíḃneóiṙ.
Copyright, *s.*, ceaṙt-cóib.
Coquetry, *s.*, ꝑuaċáḋaċt, -a, *f.*; ṙcóiḋeaṙ, -iṙ, *m.*; ġoġaiḋeaċt, -a, *f.*; uallaiḋeaċt, -a, *f.*
Coquette, *s.*, ꝑuaċáiḋ, -e, *f.*; ġoġaiḋe, *gen.* *id.*, *pl.* -ṫí, *f.*; báġaiṙe, *m.*; bóibéiṙiḋe, *m.*; uallaiṙe, *m.*
Coquettish, *adj.*, ꝑuaċáḋaċ; ġoġaiḋeaċ; ṙcóiḋeaṙaċ, -aiġe;

ꝛcóiꝺeaṁail, -ṁla; áiḃéaꝛaċ, -aiġe; uallaċ, -aiġe.
Coracle, *s.*, coꝛaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; coꝛaċán, -áin, *m.*
Co-radiation, *s.*, cóiṁ-ḋeallꝛaḋ, -ꝛuiġṫe, *m.*
Coral, *s.*, coꝛúḋan; cꝛoiḃéal, -éil, *m.*; cuiꝛéal, -éil, *m.*
Cord, *v.* cóꝛꝺaim; téaꝺaim.
Cord, *s.*, cóꝛꝺa, *gen. id. pl.*, -aiꝺe, *m.*; téaꝺ, -éiꝺ, *gen. id.* & -a.
Cordage, *s.*, cábla loinge; téaꝺa.
Corded, *adj.*, téaꝺṁaꝛ, téaꝺuiġṫe.
Cordial, *s.*, ꝺeoċ beaṫaṁail; ꝺeoċ anamaṁail.
Cordial, *adj.*, caꝛaꝺaċ; íocꝛláinteaċ, -tiġe.
Cordiality, *s.*, caꝛaꝺaꝛ, -aiꝛ, *m.*
Cordwood, *s.*, ꝛíoꝺ-ċonnaiꝺ.
Core, *s.*, cionóg, cꝛoiꝺe; laoiꝺéan toꝛaꝺ—*Hogan's* "Luiꝺleaḃꝛán."
Co-regent, *s.*, coṁ-ċoṁaꝛḃa.
Coriander (a plant), coiꝛeaṁan; lus an ċoiꝛe.
Có-rival, *s.*, coṁ-ꝛíoꝺlaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*
Cork, *s.*, aꝛcán, -áin; ꝺullán, -áin; coꝛc, -a, *m.*; ꝛtaiꝛéal, -éil, *m.*
Cork-screw, *s.*, biꝺíꝛ coꝛc.
Cork-tree, *s.*, aiꝛc; coꝛc, cꝛann aiꝛce; cꝛann coꝛca; ꝛnáṁaċ.
Cormorant, *s.*, bꝛoiġioll; ꝛiaċꝛaiꝛꝛge; ꝛcaꝛḃ; ꝛiaċ-ṁaꝛa; gaiꝛg, gaiꝛgéan.
Corn, *s.*, aꝛḃaꝛ, -aiꝛ, *m.*; iṫ, -e, *f.*; gꝛánlaċ, -aiġ.
Corn (on the foot), gaꝛt.
Corn (green), *s.*, geaṁaꝛ, -aiꝛ, *m.*
Corn (handful of), *s.*, glac aꝛḃa; ꝺóꝛnán, -áin, *m.*
Corn (heated in the stack), *s.*, muḃꝛán, -áin, *m.*
Corn (parched), gꝛeaꝺán, -áin, *m.*
Corn (roasted), gꝛáinnꝛeaċán, -áin, *m.*; ꝛꝛoinnꝛeaċán, -áin, *m.*; ꝛꝛonꝛán, -áin, *m.*
Corn (standing), gꝛoꝛt, -uiꝛt, *m.*
Corn (standing or unthreshed), aꝛḃaꝛ, -aiꝛ, *m.*
Corn-blast, ꝛoilḃéim; blasted corn, gꝛoꝛt ꝛéiꝺte; burnt corn, gꝛaꝺán, gꝛeaꝺán.
Corn-cockle, coꝛgal.
Corn-crake, gꝛoꝛt-éan; tꝛaḋna, *gen. id.*, *m.*; tꝛaḋ.
Corn dray, iṫꝛen.
Cornel-berry, *s.*, caoꝛ conḃaiꝛcne.
Cornel-berry tree, *s.*, cꝛann conḃaiꝛcne.
Cornel-cherry, *s.*, cꝛann muċoiꝛ.
Cornel-tree, *s.*, cꝛann coꝛnéil; cꝛaoḃ ċoiꝛnéil.
Corneous, *adj.*, aḋaꝛcaċ.
Corner, *s.*, cúinne, *gen. id.*, *f.*
Cornered, *adj.*, uilleaċ.
Corner-stone, *s.*, cloċ-ċúinne; cloċ-oiꝛinn.
Cornet (a musical instrument), *s.*, buaḃall, -aill, *m.*; coꝛnéṫ.
Cornet (soldier), *s.*, míl-ṁeiꝛge; laoċ-onċonn, laoċ-lomán.
Corn-exchange, *s.*, maꝛgaḋ an aꝛḃaiꝛ.
Corn-field, *s.*, gꝛoꝛt; gꝛoꝛt aꝛḃaiꝛ; ꝛleaꝛcaċ; ioṫ-ġaꝛꝛa.
Corn-floor, *s.*, iṫláꝛ.
Corn-grass, *s.*, geaṁaꝛ, -aiꝛ, *m.*
Cornicle, *s.*, aḋaiꝛícín, *gen. id.*, *f.*
Corn-land, *s.*, iṫiꝛ, -e, *f.*
Corn-rose, *s.*, coꝛgal, -ail, *m.*
Corn-sowing, *s.*, ꝛíol-ċuꝛ; ꝛeanaiꝺ.
Corn-stubbles, *s.*, coinleaċ, -iġ, *m.*
Cornucopia, *s.*, aḋaꝛc líonṁaiꝛeaċta.
Cornuto, *s.*, coṫal, -ail, *m.*; cocól, -óil, *m.*

Corn-yard, (1) ıoṫlann, -aınne, -a, *f.*; ıoṫlann ċruaċaċ gnıḋeann uaḃar; (2) gartlann.
Corollary, *s.*, nıḋ leanas.
Corona, *s.*, baṫas cınn.
Coronach, *s.*, caoıne, *gen. id.*, *f.*
Coronal, *s.*, blát-ċoróın.
Coronal, *adj.*, níḋ ḃaıneas le coróın nó le baṫas cınn.
Coronary, *adj.*, coróıneaċ, -nıġe.
Coronation, *s.*, coróntaċt an rıġ, coronation of the king.
Coroner, *s.*, cuırp-ḃreaṫnaıḋe do ġáıreas dáréag do ḃreaṫnuġaḋ cuırp do ġeıḃṫear marḃ d' ḟéaċaın cıa aca bás mıonáḋúrṫa nó bás náḋúrṫa do rug é nó do ḟuaır sé.
Corporal, *s.*, ḟóṁaor; taoıseaċ deıċneaḃaır.
Corporal, *adj.*, corparḋa, *ind.*; éadaċ comaoıneaċ san eaglaıs Catoıleacaıġ Róṁánaıġ.
Corporate, *adj.*, cóṁċuallaċtaċ.
Corporation, *s.*, ċoṁ-ċuallaċt, -a, *f.*
Corporeal, *adj.*, corporḋa.
Corps, *s.*, ḟeaḋaın, *g.* & *p.* -ḋna, *f.*; ceann ḟeaḋna, a captain.
Corpse, *s.*, conablaċ; marḃán, corp marḃ; pleıst, -e, *f.*
Corpulence, *s.*, grontaċt, -a, *f.*; grotonaċt, -a, *f.*; gloramas, aıs, *m.*
Corpulent, *adj.*, grontaċ, grotonaċ; rón-ċollaċ; mór-ċolnaċ, méıṫ; crascaċ.
Corpuscle, *s.*, dıoċuıd.
Corpus Christi, *s.*, Dıardaoın Ċuırp Crıost.
Corpuscular, *adj.*, dıoċuıdeaċ.
Correct (right), beaċt; cruınn, -ne; ceart.
Correct (to amend), leasuıġım; ceartuıġım; to correct a book, leaḃar do leasuġaḋ nó do ċeartuġaḋ; cóırıġım, deasuıġım.
Correct (1), (to punish), smaċtuıġım: it is your duty to correct your son, 'sé d'obaır-se do ṁac do smaċtuġaḋ; ceartuıġım.
Correction, *s.*, (1) punishment, smaċt, -a, *f.*; peanuıd, -e, -í, *f.*; (2) amendment, ceartuġaḋ, -uıġṫe, *m.*
Correctional, } *adj.*, smaċtuıġṫe.
Corrective, } -ṁla; ceartuıġṫeaċ.
Correctly, *adv.*, go beaċt; go ceart; go díreaċ.
Corrector, *s.*, ceartuıġṫeóır, smaċtuıġṫeóır.
Correlation, *s.*, cóṁ-ġaol, -aoıl, *m.*
Correlative, *adj.*, cóṁ-ġaolṁar.
Correlatives (law of), *s.*, coıḃlıġe, *gen. id.*, *pl.* -ġṫe, *m.*
Correspond, cóıṁ-ḟreagraım.
Correspondence, *s.*, cóıṁ-ḟreagaırt, -garṫa, *m.*
Correspondent, *s.*, cóıṁ-ḟreagarṫóır.
Correspondent, *adj.*, cóıṁ-ḟreagarṫaċ.
Corridor, *s.*, póırse, *gen. id.*, *m.*
Corrigible, *adj.*, ıonsmaċtuıġṫe; so-smaċtuıġṫe.
Corroborant, *adj.*, cóıṁ-neartuıġṫeaċ.
Corroborant, *s.*, leıġeas, neartuıġṫeaċ.
Corroborate, *v.*, cóıṁ-neartuıġım.
Corroboration, *s.*, cóıṁ-neartuġaḋ, -uıġṫe, *m.*
Corroborative, *s.*, cóıṁ-neartuıġṫeaċ.
Corrode, creınnım, crınnım.
Corroded, *adj.*, cnaoıḋte.
Corrodible, *adj.*, ınċrınte; soċnaoıḋte; ınċreımeaċ.
Corrosibility, *s.*, ınċreımeaċt.

Corrosion, *s.*, crinn, -te, *m.*; creim, -ṫe, *m.*; cnaoiḋ, -te, *m.*; meirg (rust).
Corrosive, crinteaċ; creimeaċ; cnaoiḋteaċ.
Corrosiveness, crinteaċt, -a, *f.*; creimeaċt, -a, *f.*; cnaoiḋteaċt, -a, *f.*
Corrugated, *adj.*, ráġaċ, -aiġe; lán do ċairrimíne.—*O'Beg.*
Corrupt, *v.*, coirpim, eilniġim, loḃaim, lotaim, truailliġim.
Corrupt, *a.*, cuirpe, truailliḋe, móṙċuiḋṫeaċ, morgaċ.
Corrupted, *p.p.*, coirpṫe, eilniġṫe, lotaiġṫe, truailliġṫe, loḃṫa, morguiġṫe.
Corrupter, *s.*, truailliġṫeóir.
Corruptible, *adj.*, truailliḋeaċ.
Corruptibility, *s.*, } truailliḋ-
Corruptibleness, } eaċt.
Corruption, *s.*, coirpṫeaċt, loḃṫaċt, ṙoċall, ṙoillraċt, ṙulraḋ, ṙulrṙuṫ, morcṫar, morgaḋ, truailleaḋ, braċa.
Corruptive, *adj.*, truailliġṫeaċ.
Corruptless, *adj.*, neaṁ-ṫruailliġṫeaċ.
Corruptness, *s.*, truailliġṫeaċt, truailleaċt.
Corsage, *s.*, uċtaċ, -aiġ, *m.*
Corsair, *s.*, píoráid; ṙoṁoraċ, -aiġ; ṙoġluiḋe ṙairrge.
Corse, *s.*, conabłaċ, marḃán; corp marḃ.
Corselet, *s.*, uċtaċ, -aiġ, *m.*
Cortex, *s.*, coirt, -e, -eaċa, *f.*
Cortical, *adj.*, coirteaċ.
Coruscant, *adj.*, lainneaċ, -niġe; lonnraċ, -aiġe.
Coruscation, *s.*, lainneaċt, -a, *f.*; lainnir, -e, *f.*; lonnraċt, -a, *f.*
Cosmetic, *s.*, niaṁḋán, -áin, *m.*
Cosmetical, *adj.*, niaṁḋánaċ, -aiġe.
Cosmographer, *s.*, bioṫġraiḃneóir.
Cosmographical, *adj.*, bioṫġraiḃṫeaċ.
Cosmography, *s.*, bioṫġraraḋ, -ṙṫa, *m.*; bioṫ-ġraiḃṫeaċt—*O'R*; cuntar ar an doṁan—*O'Beg*; tuairirc a' doṁain.
Cost, *s.*, cortar: rin an t-airgead ċornuiġ ṙe ḋom, that is the money it cost me; beiḋ ṙé agam ciḋ bé coireóna ṙé, I will have it whatever it shall cost; díoḃáil; ḋéanṙaḋ é ċum do ḋíoḃála-ṙa, I shall do it to your cost.
Costive, *adj.*, guntaċ, -aiġe.
Costiveness, *s.*, guntaċt, -a, *f.*
Costless, *adj.*, neaṁċortaraċ, -aiġe.
Costliness, *s.*, daoire.
Costly, *adj.*, daor, -aoire; cortaraṁail, -ṁla.
Costmary (a plant), *s.*, buirbeaċ; cartlann; gormṙúileaċ, miontur gréagaċ.
Costumier, *s.*, maintiméar, -éir, *m.*
Cot (a small boat), *s.*, coite, *f.*; rciḃ, -e, *f.*
Cot (a hut), *s.*, boṫán, -áin, *m.*
Cotemporaneous, Cotemporary; *See* Contemporaneous, Contemporary.
Coterminous. *See* Conterminous.
Co-tillage, *s.*, cóṁar, -air, *m.*, = cóṁ and ár, tillage.
Cottage, *s.*, cabán, -áin, *m.*; boṫ, -oiṫe, -a, *f.*; boṫóg, -óige, -a, *f.*; iorṫán, -áin, *m.*; ṙian-ḃoṫ, ṙcalán, -áin, *m.*
Cottager, *s.*, coiteóir, -óra, -óirí, *m.*; cabánuiḋe, *gen. id.*, *m.*
Cotton, *s.*, caḋár, -áir, *m.*; cánaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; cánar, -air, *m.*; caḋarár, -áir, *m.*; caḋán, -áin, *m.*; caonar, -air, *m.*

Cotton-grass, *s.*, ceannḃán bán; ceannán bán, ſcaṫóg ꝼiaḋain; ſíoda móna, ollaṫalṁain.
Cotton-grass (broad leaved), *s.*, ceannḃán móna; (narrow-leaved), bláṫ ꝑoꝛtaiġ.
Cotton tree, *s.*, cꝛann canaiġ; cꝛaoḃ ċanaiġ.
Cottony, *adj.*, caḋáſaċ, cánaꝛaċ.
Cotyledon, *s.*, caꝛnán caiſil.
Couch, *s.*, binnſe, *gen. id.*, *f.*; ꝑeall, calainn, cuil, cuiſte, iomḋa; aiꝛtel; ceaꝛċall, -aill, *m.*
Couch-grass, *s.*, bꝛuimꝼéaꝛ, -éiꝛ, *m.*; bꝛuimſéan; ioꝛṫainn; ꝼioꝛṫainn, uiꝛin.
Cough, *s.*, caſaċtaċ, -aiġe, *f.*; coṫan, -ain, *m.*
Coulter, *s.*, ſoc, *gen.* & *pl.* ſuic, *m.*; callṫaꝛ, -aiꝛ.
Council, *s.*, tionól cóṁaiꝛleaċ ḋo ſcꝛúḋaḋ móꝛáḋḃaꝛ; cóiṁṫionól ġeneaꝛáilte na heaġlaiſe.—*O'Beg.*
Council-chamber, *s.*, ꝛúnaiꝛm.
Councillor, *s.*, cóṁaiꝛleaċ.
Counsel, *s.*, cóṁaiꝛle.
Counsel, *v.*, cóṁaiꝛliġim.
Counsellor, *s.*, cóṁaiꝛliġṫeóiꝛ, -óꝛa, -óiꝛí, *m.*; cóṁaiꝛleóiꝛ, coṁaiꝛleaċ, -liġ.
Count, *s.*, áiꝛeaṁ, cóṁaiꝛeaṁ.
Count, *v.*, áiꝛeaṁaim; áiꝛṁim; ꝛíoṁaiꝛim, ꝛiṁim.
Countable, *adj.*, ionáiꝛeaṁ.
Countenance, *s.*, ġnúiſ, -ſe, -ſí, *f.*; aġaiḋ, *pl.* aiġṫe; éaḋan, ġné; ġnaoi; ḋꝛeaċ, tul, ḋealḃ; contanóſ, -óiſ, *m.*
Counter (contrary to), *adv.*, i n-aġaiḋ.
Counteract, *v.*, ꝼꝛiṫ-ġníḋim.
Counteraction, *s.*, ꝼꝛiṫ-ġníoṁ, -a, -aꝛṫa, *m.*
Counterbalance, *s.*, ꝼꝛioṫ-tꝛuime.
Counterbalance, *v.*, ꝼꝛioṫ-tꝛomuiġim.
Counterbuff, *s.*, ꝼꝛioṫ-ḃuille; ċuꝛ ſiaꝛ.
Counterchange, *v.*, cóṁ-ṁalaiꝛt.
Countercharge, *s.*, ꝼꝛiṫ-éileaṁ.
Counter-charm, *s.*, ꝼꝛioṫ-aꝛꝛṫa.
Counter-check, *s.*, ꝼꝛioṫ-ċoſc.
Counter-current, *s.*, ꝼꝛioṫ-ġaiſe.
Counter-evidence, *s.*, ꝼꝛioṫ-ꝼiaḋnaiſe.
Counterfeit, *v.*, bꝛionḋaṫaim; ġnúiſṁeallaim; leiꝛġim.
Counterfeit, *s.*, bꝛionḋaṫaḋ, -ḋaiṫe, *m.*; ġnúiſṁeallaḋ, -llta, *m.*
Counterfeit, *a.*, mealltaċ, -aiġe.
Counter-light, *s.*, ꝼꝛioṫ-ṡoluſ.
Countermand, *s.*, ꝼꝛioṫ-ꝼóġꝛa; óꝛḋuġaḋ contꝛáꝛḋa; aṫ-óꝛḋuġaḋ.
Countermarch, *s.*, ꝼꝛiṫ-ṫꝛiall.
Countermark, *s.*, aṫċóṁaꝛṫa.
Counterpart, *s*, macꝛaṁla, leiṫṡéiḋ, from leaṫ (half) and ſéaḋ (likeness).
Counterplot, ꝼꝛiṫṁeanġ.
Counterpoise, *s.*, coṁ-ṫꝛuime.
Counter-stroke, ꝼꝛioṫ-ḃuille.
Countess, bain-iaꝛla, conḋaiġeaſ; contaoiſ, -ſe, -ſeaċa, *f.*
Countless, ḋo-áiꝛṁiġṫe.
Countrified, tútaċ.
Country, *s.*, tíꝛ, -e, *pl.* tíoꝛṫa, *f.*; ḋúṫaiġ, -aiġe, *f.*; cꝛíoċ, -iċe -a, *f.*; tuaiṫ, -e, -aṫa, *f.*; teaċ tuaiṫe, a country house; caḋ é an tíꝛ 'n-a ꝛuġaḋ ṫu? in what country were you born?
Countryman, tuataċ, tuaiṫeaċ; ꝼleaſcaċán, -áin, *m.*; coṁṫioꝛꝛṫaċ, teaꝛmannoiꝛ bꝛuaiḋ, ꝼeaꝛnanḋa, ꝛaiġṫeóiꝛ.
Countrywoman, caile; *dim.* cailín, a girl.

County, contae.
Couple, (1) of persons or personified objects, beirt, -te, *f.*; diaſ, *gen.* deiſe; díſ a ḃfiaġnuiſe deiſe nó triair—*Donl.*, 346-4; lánaṁa (married couple); (2) cúpla, d'aonṙórt.
Couple (to join), cóṁ-ḋlúṫaim; cóiṁ-ċeanglaim.
Coupling, *s.*, cabraḋ; naſc.
Courage, *s.*, cráiſte, *f.*; calmaſ, -aiſ, *m.*; miſneaċ, -niġ, *m.*; cróḋaċt, -a, *f.*; meanma, *gen.* -an, *f.*: talca, *gen. id.*, *f.*: urrúḋaſ, anḃfail, angḃaiḋ, feirrſi, cingṫeaċt.
Courageous, *adj.*, cráiſteaċ, -tiġe; cráiſteaṁail, -ṁla; meiſneaṁail, -ṁla; cróḋaċ; tailc, -e.
Courageousness, *s.*, cráiſteaṁlaċt, -a, *f.*; miſneaṁlaċt, -a, *f.*
Courb (saddle bow), *s.*, corr; *vulg.* ſcorraiḋ.
Courier, *s.*, dianteaċtaire; ġiolla coiſe; cúrſúir, ſonnmarcaċ.
Course, *v.*, cúrſuiġim.
Course, *s.*, cúrſa, *gen. id.*, *m.*; réim, -e, -eanna, *f.*; rioṫ, *gen.* & *pl.* reaṫa.
Courser, *s.*, cúrſóir.
Coursing, *s.* (hunting hares with greyhounds), fiaḋaċ, -aiġ, *m.*
Court, *s.*, cúirt, -e, -eanna, *f.*; palár riġ [rioġlann; bruiḋean, -ḋne, *f.*]
Court, *v.*, ḋéanaṁ ſuiríḋe.
Courteous, *adj.*, ſiḃialta, *ind.*, muinnteaṙḋa, *ind.*, cáirdeaṁail, -ṁla; béaſaċ.
Courtesan, *s.*, méirdreaċ; ſtriapaċ cúirte.
Courtesy, *s.*, ſiḃialtaċt, -a, *f.*
Courtier, *s.*, moḋaċ; cúirteóir.
Courting, *s.*, } (making love).
Courtship, } ſuiriḋe.
Courtliness, *s.*, cúirteaṁlaċt, -a, *f.*
Courtly, *adj.*, cúirteaṁail, -ṁla.
Court of justice, *s.*, cúirt, -e, -eanna, *f.*
Court-yard, *s.*, ioḋarḟolaṁ.
Cousin, *s.*, cóṁna, ſiúr, *gen* ſeaṫraċ, *pl.*, ſeaṫraċa, *f.*
Cove, *s.*, cóiḃ, -e, *f.*
Covenant, *v.*, coinġeall do ḋéanaṁ.
Covenant, *s.*, cainġean, *gen.* caiġne; coinġeall, -ġill, *m.*; connraḋ, *gen.* & *pl.* connarṫa, *m.*; eaċt, reaċt-ċeangal, -ail, *m.*; ceangal, -ail, *m.*; coiṁċeangal, naiḋm, urnaiḋm, *gen.* urnaḋma, -manna, *m.*
Cover, *s.*, cuṁdaċ; brat; falaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; falaċ leaḃair, the cover of a book; clúdaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*
Cover, *v.*, faluiġim; d'ḟaluiġ mé é le falaċ maiṫ, I covered him with a good cover.
Covering, *s.*, clúdaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; falaċ, cúṁdaċ: olc an cúṁdaċ an cúṁaḋ, an ill covering is sorrow; peallṫóġ, -óiġe, -a, *f.*
Coverlet, *s.*, cuilċe, *f.*; ġarḃċlúdaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; ſcarraoid, -de, -dí, *f.*; cuideóġ, -óiġe, -óġa, *f.*
Covert, *s.*, díon, cúim, ſcáṫ; faluiġeaſán, .i. ineaḋ falaiġ.
Covertly, *adj.*, óſ íſeal, .i. ġan ḟioſ.
Coverture, *s.*, clúdaḋ, -uiġṫe, *m.*
Covet, *v.*, ſanntuiġim, *fut.* ſainteóċaḋ: an té ṙanntuiġeaſ an t-iomlán caillfiḋ ſé an

t-iomlán, he who covets all will lose all.

Covetable, *adj.*, iontsanntuiġṫe, iontsanntaċ.

Covetous, *a.*, sanntaċ; accoḃraċ.

Covetously, *adv.*, go sanntaċ.

Covetousness, *s.*, sainnt, -e, *f*; sainnt, bun gaċ uilc; oir-ṁian; an-sainnt, -e, *f.*; accoḃar,-air, *m.*

Covey, *s.*, ealt. *See* Flock.

Cow, bó, *gen.* bó, *dat.* boin or buin, *pl.* ba, *dat. pl.* buaiḃ; buḋóg, *f.*; seafoid, -e, *f*; seapóid, *f.* (*Kerry*). [Also aiṫre, ai, aoi, bol, earc, laiṫre, lannoir, fearb, *f.*]

Cow (to dispirit), mí-ṁisniġim.

Coward *s.*, claḋaire, *m.*; fear meata:

Duine gan croiḋe, gan ṁisneaċ gan ḃriog
gan ḃeoḋaċt; gan áird gan ḟearaṁlaċt.

He is a very coward, is fíor-ċlaḋaire é.

Cowardice, claḋaireaċt, meataċt.

Cowardliness, *s.*, mío-ċróḋaċt, -a, *f.*

Cowardly, claḋaireaċ; meata, *ind.*, mio-ċróḋa, *ind.*

Cowberry, boḋearc; braiṫleóg.

Cow-boy, *s.*, buaċaill, *gen.*, -ċalla, *m.*; buaċaill na mbó.

Cow-doctor, liaiġ-ḃó.

Cow-dung, *s.*, bualtaċ; buaċar.

Cower down, *v.*, do ċromaḋ síos.

Cowherd, *s.*, aoḋaire; buaċaill, from bó, cow, & cail, to keep; cailḃearb, from cail ⁊ fearb, a cow.

Cowhide, *s.*, seiṫe bo; colamna fearb.

Cowhouse, *s.*, buaille; cróḋ; bó-lann, -ainne, -a, *f.*

Cow-itch, *s.*, toċas ḃó.

Cowl, *s.*, atán, -áin, *m.*; culla, caille, biġéan; biġín, úda, cudarun; driuḃlaċ.

Cow-parsnip, *s.*, oḋarán, -áin, *m.*

Cow-pox, *s.*, bolgaċ-ḃó.

Cowslip, *s.*, seḃerín, seḃerín; bainne bó bleaċt; bainne bó buiḋe; soḃairiġín; saṁ air cinn; muireán; saṁarcán.

Cow-spancel, *s.*, buaraċ, -aiġ, -aiġe, *m.*

Cow's tail, *s.*, scoṫbó, scaṫaċan bó, earball bó.

Coxcomb, *s.*, aiḃseóir, gaige, gaigín; buḃán, -áin, *m.*; guaigín, *m.*; uallaċán; buibiollán, -áin, *m.*; dailṫín, *m.*; breilliop. —*O'Beg.*

Coxcomb *s.*, (a plant), boḋán cloigín.

Coxcombical, Coxcomical, } *adj.*, gaigeaċ.

Coxcombry, *s.*, gaigeaċt.

Coy, *adj.*, náireaċ; leaṁ-náireaċ, máḋanta, *ind.*

Coyish, *adj.*, scáṫṁar.

Coyly, *adv.*, go náireaċ, go scáṫṁar.

Coyness, *s.*, scáṫṁaraċt; leaṁ-náire; máḋantaċt.

Cozen, *v.*, meallaim.

Cozenage, mealltóireaċt, -a, *f.*

Cozened, *p.p.*, mealltа.

Cozener, *s.*, mealltóir, -óra, -óirí, *m.*

Cozily, *adv.*, go seascair.

Coziness, *s.*, seascaireaċt, -a, *f.*; ealscaḋ.

Cozy, *adj.*, seascair, -aire.

Crab, *s.*, portán, crúḃán, torpán; cartán, -áin, *m.*

Crab-apple, *s.*, uḃall fiaḋain.

Crabbed, *adj.*, seannaċríonna; canncaraċ.

Crabbedly, *adv.*, go seannaċríonna; go canncaraċ.

Crabbedness, *s.*, ſeannaċṙíonnaċt.
Crab-tree, *s.*, ʒoiṙteóʒ ; uḃlán ; aḃlacán ; aḃallóiṙ ꝼiaḋain.—*O'Beg.*
Crack, *v.*, cnaʒaim ; bṙiſim : atáiḋ na cláiṙ ſeo aṙ mbṙiſe, these boards begin to crack ; bṙiſꝼiḋ an ʒloine úḋ, that glass will crack ; ḋ'ól ſeiſean ⁊ miſe iomaḋ buiḋéal le ċéile, he & I have cracked many a bottle together.
Crack, *s.*, cnaʒ, -aiʒ, *m.*; pléaſc ; ʒáʒ, -áiʒ, *m.*
Crack-brained, *adj.* } éaḋtṙom,
Cracked, *adj.* } -ṙuime ; ʒuaʒaċ, -aiġe ; ſaoḃnóſaċ.
Cracked (chipped), *adj.*, ſcainte ; ſcoilte.
Crackle, *v.*, cnaʒaim, pléaſcaim.
Crackling, *s.*, cnaʒaḋ, pléaſcaḋ ; bṙoileaḋ, bṙioſcaṙnaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*
Cradle, *s.*, cliaḃán, -áin, *m.* ; luaſcán ; to rock the cradle, an cliaḃán ḋo luaſcaḋ.
Cradle-rocker, *s.*, luaſcánaċ.
Craft (trade), *s.*, ceáṙḋ, -éiṙḋ, *m.*; ealaḋa, -an, -ḋna, *f.*
Craft, *s.* (1), guile, meanʒ, -einʒe, -a, *f.*; (2) cunning, ʒliocaſ, -aiſ, *m.*; (3) deceit, ʒanʒaiḋeaċt, -ta, *f.*; (4) artifice, cleaſaiḋeaċt, -ta, *f.*
Craftily, *adj.*, ʒo cealʒaċ.
Craftiness, *s.*, cluanaiṙeaċt, ſliġṫeóiṙeaċt, lúibíneaċt.
Craftsman, *s.*, ceáṙḋuiḋe.
Craftsmen, *s.*, luċtcéiṙḋ.
Crafty, *a.*, cleaſaċ, -aiġe, meanʒaċ, ʒlic : táiṙ ċó ʒlic le maḋa ṙuaḋ ; ṙeaḃaċ, máinḃiṫeaċ.
Crafty fellow, *s.*, caiſtín, *gen. id. pl.*, -ní, *m.* ; lúbaiṙe, *gen. id.* -ṙí, *m.*; ʒaiſteóʒ, -óiʒe, -óʒa, *f.*
Crag, *s.*, caṙṙaiʒ, -e, -eaċa, *f.* ; aill, -e, *f.* ; ꝼaill, -e, *f.*
Cragged, *adj.* } caṙṙaiʒeaċ,
Craggy, *adj.* } -ʒiġe.
Cragginess, *s.*, caṙṙaiʒeaċt, -a, *f.*
Crake, *s.* *See* Corncrake.
Cram, *v.*, ḋo loimlíonaḋ.—*O'Beg.*
Crammed, *adj.*, ʒlóiṙ-líonta.—*O'R.*
Cramp, coṙbaiḋe, cṙap ; ioḋa, *gen. id.* ; oṙc, *m.* ; ꝼéiṫċṙapaḋ, -pṫa, *m.*
Cranberry, *s.*, coṙnán ; muileóʒ, cṙúibín ; mionaʒ.
Crane (for lifting weights), *s.*, cṙann-tóʒḃálaċ.
Crane, *s.*, coṙṙ móna ; coṙṙiaſc.
Crane's-bill (the herb), *s.*, cṙoḃṗṙéaċáin ; cṙeaċtaċ ; cṙeaʒlaċ ; cṙuaċ ḋaṙṙaiʒ, cṙub ḋeaṙʒ.
Crane's bill (bloody), cṙeaċtaċ ḋeaṙʒ.
Crane's bill (stinking), eaṙball ṙiġ ; ṙiaġal cúil ; ṙiġin ṙiġ.
Craniologist, *s.*, cinn-eóluiḋe, *gen. id.*, *m.*
Craniology, *s.*, cinn-eólaſ, -aiſ, *m.*
Cranky, *adj.*, camóʒaċ, -aiġe.
Crannied, *adj.*, ʒáʒaċ, -aiġe ; pollaċ, -aiġe.
Crannoge (an artificial island in a lake), *s.*, cṙannóʒ, -oiʒe, -a, *f.*
Cranny, *s.*, ʒáʒ, ʒṙian-ſcaṙaḋ, -ṙṫa, *m.*
Crash, *s.*, pléaſc, -éiſce, -ana, *f.*
Crashing, *adj.*, pléaſcaċ, -aiġe.
Crass, *adj.*, ṙaṁaṙ, ; ʒaṙḃ, -aiṙḃe ; tiuġ, -uiġe.
Crassitude, *s.*, tiuġḋaſ, -aiſ.
Craunch, *v.*, cnaʒaim.

Cravat, *s.*, caraḃat, ʒiallḃrat; bonn-bráġaid; éadaċ curṫar timċeall bráġad.
Crave, *v.*, d'iarraid; d'aṫċuingead; to crave a man's help, congnaṁ duine d'iarraid; congnaṁ d'iarraid ar ḋuine.
Craven, *s.*, cladaire; sprioṙán, -áin.
Craven, *adj.*, meata.
Craving, *s.*, mianġas.
Craw, *s.*, eaʒán, -áin, *m.*; ioʒán, scrobán.
Craw-fish, Cray-fish, ʒliomaċ-sṗáineaċ.
Crawl, *s.*, do sraoilleaḋ; déanaṁ láṁaċán mar leanḃ óʒ.
Crawler, *s.*, snáṁuiḋe.
Crawling, *s.*, láṁaċán, -áin, *m.*; snáṁaiġil, sraoilleaḋ.
Crazy, *adj.*, as a ṁeaṁair, ar buile; díċéillíḋe.
Creaking, *s.*, ʒíoscán, -áin, *m.*; díoscán, -áin, *m.*
Cream, *s.*, uaċtar, -air, *m.*; uaċtar bainne.
Creamery, *s.*, teaċ-uaċtair.
Creamy, *adj.*, uaċtaraċ, -aiġe.
Crease, *s.*, dual, -ail, *m.*
Create, *v.*, cruṫuiġim.
Created, *p.p.*, cruṫuiġṫe.
Creation, *s.*, cruṫuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; cruṫuiġeaċt, -a *f.*; túisdin: túisdin na cruinne, the creation of the world—*O'B.*
Creator, *s.*, Cruṫuiġṫeóir, -óra, -óirí, *m.*; Coiṁdé dúileaṁ.
Creature, *s.*, créatúr, -úir, *m.*
Credence, *s.*, creideaṁaint.
Credent, *a.*, creideaṁnaċ, -aiġe.
Credentials, *s.*, teisteanna.
Credibility, creideaṁaint.
Credible, inċreidte: ní'l sé inċreide, it is not credible; ṗiaḋnaise inċreidte, a credible witness.
Credibleness, *s.*, creideaṁaint.
Credibly, ʒo creideaṁnaċ.
Credit, *s.*, clú, deiġṁeas; a ċlú do ċailleaṁain, to lose one's credit.
Credit (time to pay), cáirde: is ṗeárr dreóilín i ndorn ná corr ar cáirde, a wren in the hand is better than a crane on credit.
Creditable, *adj.*, measaṁail, -ṁla; inṁeasta.
Creditableness, *s.*, measaṁlaċt.
Creditably, *adj.*, ʒo measaṁail.
Creditor, *s.*, iasaċtuiḋe; ṗéiṫeaṁ, -ṫṁe, -ṁna, *f.*; coḃtaċ, éiliġṫeóir.
Credulity, *s.*, creideaṁnaċt, -a, *f.*
Credulous, *adj.*, creideaṁnaċ, -aiġe.
Credulousnesss, *s.*, creideaṁnaċt, -a, *f.*
Creed, *s.*, an Cré.
Creek, *s.*, bléin, -e, -treaċa, *f.*; Ḃléinascuil, a small bay in Achill Sound; bléin, hind-quarter of a quadruped.
Creeky, *adj.*, bléineaċ, -niġe.
Creel, *s.*, sculán, -áin, *m.*
Creep, *v.*, snaiġim.
Creeper, *s.*, snaiġeadóir, -óra, -óirí, *m.*
Creeping, *adj.*, snaiġeaċ, -ġiġe.
Cremation, *s.*, dóġaḋ na marḃ.
Crescent, *adj.*, bioraċ.
Cress, *s.*, biolar, -air, *m.*
Cress (bastard), ʒairḃ-raiṫneaċ; praiseaċ ṗiaḋ; praiseaċ na ʒcaoraċ.
Cress (dock), duilleóʒ Ḃriġde; duilleóʒ ṁaiṫ.
Cress (dog), sonn-duilleóʒ.
Cress (duck), ros laċan.
Cress (garden), biolar Ṗrancaċ, biolar ʒárda; ʒall biolar; piobarġas.

Cress (rock), gar an cailleag.
Cress (*sciatica*), lurarach.
Cress (swines), fochla; flánlur na muc; clabhach buidhe; finidínídhe na muc.
Cress (town), gallbhiolar.
Cress (water), biolar, biolar Muire; b.-uisge; biolrach, biorfheur, biorar, birior dobhar-lur, dobhrach, dubhlur; glarán, gleoran.
Cress (winter), threabhach, trabhach.
Cresses, *s.*, gleóranna—*O'B.*; biorar—*O'Beg.*
Crest, círíní, *f.*; puirleóg; tuimín, *m.*
Crested, *adj.*, círíneach; puirleógach; gheanach; thilireach.
Crestfallen, *adj.*, mi-mheirneamhail, -mhla.
Crestless, *adj.*, neamh-phuirleógach, -aige.
Cretaceous, *adj.*, cailceach, -cige; cailceamhail, -mhla.
Crevasse, *s.*, fcainne no fcoilta mór.
Crevice, *s.*, fcainne no fcoilta beag.
Crew, *s.*, foireann, *gen.* foirne, *dat.* foirinn, *pl.* foirne, *dat. pl.* foirnib; compluchd, -a, *f.*; compluchd cladhairidhe, a crew of thieves; compluchd no foireann luinge, a ship's crew.
Crib, mainréar, -éir, *m.*
Cribbage, *s.*, cluiche cártuidhe.
Crick (in the neck), *s.*, fraonáro, -áiro, *m.*
Cricket, *s.*, uricuil, from ur, fire, and cuil, a fly, *gen.* -le, *pl.* -leanna, *f.*; gruillán, -áin, *m.*
Crier, *s.*, fógairtóir, -óra, -óirí, *m.*; boillraire, cailleire, bloigcaire; fear gairma, éigeamhtóir, gairm-ghiolla, gártóir, gairmadóir, preábaoire, fcairiteóir.
Crim-con, *s.*, céileachar, -air, *m.*
Crime, cion, *gen.* & *pl.* cionta; coir, *pl.* coire; coi, *gen.* & *pl.* coil, *m.*
Criminal, *s.*, bricheamhnach, -aigh, -aige, *m.* (habitual c—); coirtheóir, -óra, -óirí, *m.*
Criminal, *adj.*, ciontach; coiach; coireach, -rige; coireamhail, -mhla.
Criminality, ciontacht, -a, *f.*
Criminally, go ciontach.
Criminate, *v.*, ciontuigim; coirigim.
Crimination, *s.*, coiriughadh; ciontughadh.
Criminatory, *adj.*, coirtheach.
Crimple, *v.*, dualaim.
Crimson, *s.*, dath álainn deargh.
Cringe, *v.*, úirírligim; do chromadh síor; d'úmhlughadh i modh úirírreal.
Cringing, úirírleacht: is fuath liom an úirírleacht so, I hate this cringing.
Crinkle, *s.*, carach timcheall; caime.
Crinkle, *v.*, dul isteach 'f amach; do dhéanamh lán do choraibh.
Cripple, *s.*, bacach, cláirínéach, cheimeach; lámhachán (creeper on hands and feet); mairtíneach; moirtéal, -éil, *m.*
Cripple, *v.*, martraim: do dhéanamh bacach.
Crisis, *s.*, bireach, -righ, *m.*: imrear do thig idir nádúir, an ochair agus aicíd—*O'Beg.*
Crisp, *adj.*, roi-bhriste; briorc.
Crispness, *s.*, roi-bhristeacht.
Criterion, *s.*, choir-riaghlaidh—*O'R.*
Critic, *s.*, breithéamh, -an, -ain, *m.*; oilamh, -an, -ain, *m.*; lochtuightheóir.

Critical, ollaṁ ċum loċt d'ḟaġḃáil.
Critically, *adv.*, go beaċt; go cinnte.
Criticise, *v.*, do ṁeaṡaḋ.
Criticism, *s.*, meaṡ, -ta, *m.*
Critique, *s.*, meaṡ, -ta, *m.*
Croak (of a frog, raven, or crow), *s.*, grág, -áig, *m.*; clogar, -air, *m.*
Croaker, *s.*, grágaire; cliogaire.
Croaking, *s.*, cliogarnaċ, grág-allaċ.
Crock, *s.*, ṡoiġṫeaċ nó pota criaḋ; pota ime, a crock of butter.
Crockery, *s.*, ṡoiġṫiġe criaḋ.
Crocodile, *s.*, croġall; crocodile tears, deóra bréige.
Crocus, *s.*, cróċ.
Croft, *s.*, cionn-áit, -é, -eanna, *f.*; macaire beag no garrḋa ḃíoṡ i ḃṡoċair tiġe.
Cromlech, *s.*, crom-leac.
Crone, *s.*, ṡeanḃean, *gen.* ṡeanṁná.
Crony, *s.*, guailniḋe (one who goes shoulder to shoulder with you), compánaċ díograiṡeaċ.
Crook, *v.*, creapaim; ḋéanaṁ cam, lúbaim.
Crook, *s.*, crúca, *gen. id. m.*; by hook and crook, d'éigean iṡ d'aiṁḋeoin.
Crookbacked, cruitíneaċ, -niġe; dronnaċ.
Crooked, cam, -aime; camóġaċ; ḟiar, -a; ḟeaċta, *ind.*; crom, *comp.* cruime; laoṁḋaċ.
Crookedness, caime, *f.*; caimidial.
Crooked-legged, ṡpáġaċ, coṡċam.
Croon (a sort of old Irish song), cronán, -áin, *m.*; aiḋḃṡe.
Crop (produce of the harvest), *s.*, bárr; toraḋ.
Crop (clean), *s.*, glanḃárr.
Crop (the craw of a bird), *s.*, eagán, -áin, *m.*; iogán, -áin, *m.*
Cropped, *p.p.*, beárrṫa; ṡcrobán, ṡprogaille.
Crop of corn, *s.*, bárr arḃair.
Crosier, *s.*, baċal eaṡpuig.
Cross (a gibbet), *s.*, croiṡ, -e, -anna, *f.*; croċ, -oiċe, -ċanna, *f.*
Cross (an affliction), *s.*, duaḋ, buaiḋirt.
Cross (perverse, peevish), *adj.*, croṡánaċ; ḟriṫir, -ṫre: tá ṡé ró-ċroṡta ḋaṁ-ṡa, nó roḃuaiḋ-earṫa.
Cross (to hinder), *v.*, croṡaim; tá gaċ níḋ aġ dul nár n-aġ-aiḋ.
Cross (of a church), *s.*, ulla.
Crossbar, crann-taṡruing, *m.*
Crossbeam *s.*, traṡnán, -áin, *m.*; crann-taṡruing.
Crossing (or hindering), *s.*, ḟuadraḋ; croṡaḋ.
Cross sticks between rafters, *s.*, bairéin, taoḃáin.
Cross-road, *s.*, croiṡ-rian; croṡ-ḃóṫair.
Cross peevish person, *s.*, cráiḋteaċán.
Crossness, *s.*, croṡánaċt.
Cross the street, imṫeaċt traṡna na ṡráide.
Crosswise, *adv.*, taṡrna, traṡna, treaṡna, tar a ċéile; ar nóṡ croiṡe.
Crosswort, croṡluṡ.
Crotch, *s.*, gaḃalóg, -óige, -a, *f.*
Crotchet, cimín, guag.
Crotchety, *adj.*, guagaċ, cimín-eaċ.
Crouch, *v.*, cromaim.
Croudy, *s.*, tiormán (oatmeal and water mixed).
Croup (the buttocks of a horse), *s.*, toll capaill.

Crow, *s.*, fionnóg, -óige, -a, *f.*; gaiṁ-fiaċ; moi maċa, a flight of crows. The usual word for birds of the crow or kite kind is préaċán, as préaċán, the common crow; préaċán na gceapc, the scald crow; préáċán ceirteaċ, the kite; p. cnáiṁiġeaċ, the raven; p. ingneaċ, the vulture; p. ceannán, the osprey.

Crowbar, *s.*, cróṫ-iarrain; crann-tógbálaċ.

Crowberry, *s.*, caor fionóige; deapcag fraoiċ, lur na fionna, preap na bríantag.

Crowd, *v.*, do bruġaḋ; do blúṫaḋ.

Crowfoot, *s.*, féarbán; cearbán; coirgín; cor cromáin; crúb préaċáin; gaircean; tine talman; (bulbous) fuil ṫalṁan, tuile talṁan; (celery leaved) toracar bíaḋain; (common creeping) cairgín, féarbán; (creeping) bairgín, bairgín; (round leaved water), glaraip léna; (round rooted) teil talṁan; (various leaved water) fleann uisce; leananaċ fnaiṫe báite, lion na h-aḃann; néal uisce; (water) fliṫ uisge, fluiġ uisce, néal uisge, niul uisce; tuiṫcir, tuiṫcir fiaḋain; (wood) folarcán.

Crown (a royal diadem), *s.*, airion, *pl.* airionna; coróin, -ne, -óna ċa, *f.*; coróin óir, a golden crown.

Crown (of the head), *s.*, baṫar: baṫar a ċinn, the crown of his head; mullaċ: mullaċ a cinn, the crown of her head.

Crown, *s.* (a silver coin value 5s.), coróin.

Crozier, *s.*, baċal, *f.*

Crucifix, *s.*, croir, *gen.* -e, *pl.* -eanna, *f.*; fíoġairáir Slánuiġṫeóra céasta ar an gcroir.

Crucifixion, céasaḋ, -ta, *m.*

Crucify, *v.*, céasaim.

Crude, *adj.*, aṁ, anabaiḋ.

Crudely, go haṁ.

Crudeness, *s.*, anabuiḋeaċt.

Cruel, *s.*, fíoċṁar, -aire; míoṫrócairseaċ, -ṗiġe; cruaḋálaċ, -aiġe; ainíoċtṁar, -aire; arnaiḋ; déineasaċ, fuiltseaċ, díogantа; danarṫa; barbaróa; lorc, garg, tuscanta, dorróa.

Cruelly, *adv.*, go míoṫrócairseaċ.

good dinner, ḋ'iṫeaṛ ḋíneaṛ maiṫ; to make a blow at one, buille do ṫaṛṛaing aṛ ḋuine; I will not meddle or make with it, ní ḃuailfeaḋ fé i naonċoṛ; to make hay, féaṛ do ṛáḃáil; to make one a debtor, do ċuṛ duine i ḃfiaċ-aiḃ nó do ġníḋ féiṫeaṁ de ḋuine; to make an assignation, ionaḋ coinne do ḋéanaṁ; to make at one, duine d'amuṛ; to make after one, do ṛiṫ i ndiaiḋ ḋuine; to make away with one, duine do ṁaṛḃaḋ; to make out, d'ḟaġḃáil amaċ; make heavy, tṛomuiġim; make oath, mionnuiġim; make gentle, mīniġim; make small, mionuiġim; make lowly or humble, uṁluiġim.

Make-bate, *s.*, feaṛ bṛuiġneaċ; gleacuiḋe.

Make-peace, *s.*, ṛíoċánuiḋe; ṛíoṫaḋóiṛ.

Maker, *s.*, cṛuṫuiġṫeóiṛ; déantóiṛ, -óṛa, -ṛí, *m.*

Making, *s.*, aḋḃaṛ, -aiṛ, *m.*; mac an tuata aḋḃaṛ uġdaiṛ, ⁊ mac an uġdaiṛ áḋḃaṛ tuata, the making of an author in the son of a clown and the making of a clown in the son of an author.

Maladministration, *s.*, mīṛiaġail.

Maladroit, *adj.*, tuaṫallaċ, -aiġe.

Malady, *s.*, galaṛ, -aiṛ; aicíd, *gen.* -e, *pl.* -í, *f.* éagcṛuaṛ.

Malaga, *s.*, fíon Spáinneaċ.

Malapert, *adj.*, dṛoċṁúinte; míḃéaṛaċ.

Malapertness, *s.*, dṛoċṁúinteaċt, -a, *f.*

Malapropos (*Fr.*), *adv.*, go neaṁ-oiṛeaṁnaċ.

Malcontent, *s.*, duine míoṛáṛta.

Malcontent, *adj.*, míoṛáṛta.

Malcontentedness, *s.*, míoṛáṛ taċt, -a, *f.*

Male, *adj.*, fiṛeannaċ; feaṛḋa, feaṛcál.

Male and Female, fiṛeann agus bainnean.

Male-fool-stones (early), magaiṛ-lín meaḋṛaċ.

Malediction, *s.*, mallaċt, -a, *f.*; iṛíṛe; aiṛíṛe; eaṛcaine.

Malefaction, *s.*, mí-ġníoṁ; dṛoiċ-ġníom, *gen* -a, *pl.* -aṛṫa, *m.*

Malefactor, *s.*, méiṛleaċ; ciontaċ; coiṛpeaċ.

Maleficent, *adj.*, uṛċóiḋeaċ; díoġ-ḃálaċ.

Malevolence, *s.*, mailíṛ; dṛoċ-aigne; míoṛún; anċṛoiḋe.

Malevolent, *adj.*, míoṛúnaċ; cealgaċ, -aiġe; cealgṛúnaċ.

Malice, *s.*, mioṛcaiṛ; míoṛún, -úin, *m.*; mailíṛeaċt, -a, *f.*; ṛpíd, -e, *f.*; dṛoċ-ṁéin, -é, *f.*; fala; ceaḋal, -ail, *m.*: gan cam gan ceaḋal.

Malicious, *adj.*, mioṛcaiṛeaċ; ṛpíḋeaċ; aingiḋe; cealgaċ.

Maliciousness, *s.*, mailíṛeaċt, -a, *f.*

Malign, *adj.*, dṛoċaigneaċ.

Malign, *v.*, míoċlú do ċuṛ aṛ ḋuine.

Malignant, *adj.*, uṛċóiḋeaċ; niṁeaṁail.

Malignantly, *adv.*, go mail-íṛeaċ.

Malison, *s.*, mallaċt, -a, *f.*

Mallard, *s.*, báṛdal fiaḋain.

Malleable, ionoibṛiġṫe le hóṛd.

Mallet (for pounding flax), *s.*, tuairgín; ṛmaċtín; (for beating clothes), ṛliṛ, -e, *f.* (*see* Beetle); ṛiomaiḋe; ṛimiḋe; ḟaṛċa, *m.*; mainléaḋ; mailléaḋ.

Mallows, ucaſ (common); ucaſ ꝼiaḋain; leaṁaċ; leaṁaċ ḃuiḋe; luſ na míȯl móṛ; ʒrop-iſ, -e, *f.*; mil-ṁeacan.
Malmsey, *s.*, ſóṛt ꝼíona miliſ.
Malpractice, *s.*, ḋroċġnáṫaṁ, *gen.* & *pl.* -aiṁ, *m.*
Malt, *s.*, ḃraiċ, .i. aḋḃaṛ leanna; ʒruiḋ.
Malt, *v.*, ḃraċuiġim.
Malt-kiln, *s.*, áṫ ċum cruaiḋte eóṛnan ċum ḃraċa do ḋéanaṁ ḋe.
Malt-mill, *s.*, muileann ḃraċa.
Maltreat, *v.*, míoċoiṛiġim.
Maltreatment, *s.*, míoċóiṛiuġaḋ.
Maltster, *s.*, ḃraċaḋóiṛ, *gen.* -óṛa, *pl.* -ṛí, *m.*
Malvaceous, *adj.*, ucaſaċa.
Malversation, *s.*, míḃéaſaċt i n-oiꝼiʒ.
Mamma, *s.*, máṫaiṛ, téaṛmaḋ leanḃuiḋe.
Mammon, *s.*, ſaiḋḃṛeaſ an tſaoġail.
Mammonist, *s.* ḋuine taḃaṛṫa ḋon tſaoġail.
Man, *s.*, ḋuine, *gen. id.*, *pl.* ḋaoine, *m.*; ꝼeaṛ, *gen.* & *pl.* ꝼiṛ, *m.*; an old man, ſean-ḋuine; man and wife, ꝼeaṛ ⁊ ḃean; he has grown a man, ḋ'ꝼáſ ſé 'na ꝼeaṛ; a man or a woman, .i. coward, ḋuine nó ḋonán [neaċ; ḋae; ceaṛn; cia; ḋaoi (a wicked man); mo; ꝼeaṛſcál; nae; ſcál].
Man (young) óʒán; óʒánaċ; ʒṛinneaċ.
Manacle, *s.*, ḋoṛnꝼáſc, -áiſc, *m.*
Manacle, *v.*, cuiḃṛeaċ láṁ do ċuṛ aṛ ḋuine.
Manacles, *s.*, cuiḃṛeaċ láṁ.
Manage, *v.*, ḋ'óṛḋuġaḋ nó do láṁuġaḋ cúṛam; ſtiúṛuiġim.
Manageable, *adj.*, ínſtiúiṛiġṫe; ſo-óṛḋuiġṫe.
Manageableness, *s.*, ſo-óṛḋuiġ-ṫeaċt.
Management, *s.*, ṛiaġlaḋ; óṛḋ-uġaḋ; ſtiúiṛiuġaḋ; ionġaḃáil, -ála, *f.*
Manager, *s.*, óṛḋuiġṫeóiṛ, -óṛa, -ṛí, *m.*; ṛeaċtaiṛe, *gen. id.*, *m.*
Manatee, Manati, Manatus (the sea-cow), bó ṁaṛa.
Manchet, *s.*, mainnṛéaḋ, -éiḋ, *m.*
Mancipate, *v.*, ſcláḃuiġim.
Mancipation, *s.*, ſtláḃuġaḋ.
Mandate, *s.*, óṛḋuġaḋ; aiṫne.
Mandatory, *adj.*, óṛḋuiġṫeaċ.
Mandible, *s.*, coṛán uaċtaṛ; c.—íoċtaṛ; ʒiall (lower jaw); ʒob éin.
Mandil, *s.*, ꝼallaing ꝼaiṛſing.
Mandrake (a plant), coḋailín; coḋlatán; manḋṛac; man-ḋṛaʒaiṛ.
Manducable, *adj.*, ionċoʒanta.
Manducation, *s.*, coʒaint.
Mane, mong ċapaill; mong, *gen.* muinge, *dat.* muing.
Man-eater, *s.*, aimiṛtneaċ, .i. ḋuine iṫeaſ ḋaoine.
Maned, *adj.*, monʒaċ, -aiġe.
Manes, *s.*, ſpioṛaiḋí na maṛḃ.
Manful, *adj.*, ꝼeaṛaṁail; miſ-neaṁail; cṛóḋa; calma.
Manfully, *adv.*, ʒo ꝼeaṛaṁail; ʒo cṛóḋa; ʒo calma; ʒo miſ-neaṁail.
Manfulness, *s.*, ꝼeaṛaṁalaċt; cṛóḋaċt, -a, *f.*; calmaċt, -a, *f.*; miſneaċ, -niġ, *m.*
Mange, *s.*, claiṁe, *gn. id.*, *f.*; caṛṛ; ʒeaṛḃ, -eiṛḃe, -a, *f*; ſteinnle.
Manger, *s.* mainnṛéaṛ, -éiṛ, *m.*
Manginess, *s.*, claiṁeaċt, -a, *f.*
Mangle, *v.*, ḋo ſtṛacaḋ nó ḋo ṫaṛṛaing ó ċéile; ḋo ṁion-ġeaṛṛaḋ; cioṛṛḃuiġim.

Mangling, mıonġeaṙṙaḋ, -ṙṫa, *m.*; cıoṙṙḃaḋ; leaḋṙaḋ, -ḋeaṙṫa, *m.*
Mango, *s.*, ṫoṙaḋ ınḋıaċ.
Mangy, *adj.*, claıṁeaċ.
Manhood, *s.*, ḟeaṙḋaċṫ, -a, *f.*; mıṡneaċ, -nıġ, *m.*; ḟıṙeannaċṫ; ḟeaṙċuṙ.
Mania, *s.*, mıṙe; ḃuıle; ḃáınıḋe.
Maniac, *s.*, ṡaoḃċıallaċ.
Maniacal, *adj.*, ḋíċéıllıḋe; meaṙuıġṫe.
Manifest, *adj.*, ṡoıléıṙ, -e; ḟolluṙ, *comp.* ḟoıllṡe; ḟoıṙṙéıl, -e; ṡoṙċa; ṙéıl; eaḋṙoċṫ, ṙán; ece; cuıṙṙéıl.
Manifest, *v.*, ḋ'ḟoıllṡıuġaḋ; ḋo ḋéanaṁ ṡoıléıṙ; ḟoıṙéılım; ṡoṙċuıġım.
Manifestable, *adj.*, ıonḟoıllṡıġṫe.
Manifestation, *s.*, ḟoıllṡıuġaḋ, -ṡıġṫe, *m.*; ṡoṙċuġaḋ.
Manifestly, *adv.*, ġo ṡoıléıṙ; ġan aṁṙaṡ.
Manifestness, *s.*, ṡoıléıṙeaċṫ, -a, *f.*
Manifesto, *s.*, ḟoṙḟóġṙaḋ ṗuıblıḋe.
Manifold, *adj.*, moṙán; mınıc; éaġṡaṁaıl, -aṁla; ılġnéıṫeaċ; aınḃeaċ.
Manikin, *s.*, aḃaċ; ḟıṙín beaġ.
Maniple, *s.*, láṁán, -áın, *m.*; láıṁbṙéıḋ.
Manipular, *adj.*, láṁánaċ.
Manipulate, *v.*, láıṁṡıġım.
Manipulation, *s.*, láıṁṡıuġaḋ, -ṡıġṫe, *m.*
Mankind, *s.*, an cıne ḋaona.
Manlike, *adj.*, ḟeaṙaṁaıl, -ṁla.
Manliness, *s.*, ḟeaṙaṁlaċṫ, *gen.* -a, *f.*
Manly, *adj.*, ḟeaṙaṁaıl, -ṁla; a manly woman, bean ḟeaṙaṁaıl.
Manner, *s.*, moḋ, -a, *m.*; nóṡ, -óıṡ, -a, *m.*; ṡlıġe, *f.*; ṡóṙṫ; aḃaıṡe; what manner of man is he, caḋ é an ṡóṙṫ ḋuıne é; this is the manner of man, aġ ṡo nóṡ an ḋuıne; in like manner, aṙ an moḋ ġcéaḋna; in a manner, naċ móṙ, beaġnaċ; we were in a manner lost, ḋo ḃíomaṙ beaġnaċ caıllṫe; according to our manner, ḋo ṙéıṙ áṙ nġnáṫaıṁ-ne.
Mannered, *adj.*, moḋaṁaıl, -ṁla; ḃéaṡaċ.
Mannerism, *s.*, moḋ nó ḃéaṡ ceanġaılṫe le ḋuıne.
Mannerliness, moḋaṁlaċṫ, -a, *f.*
Mannerly, *adj.*, múınṫe; ṡíḃıalṫa; moḋaṁaıl; ḃéaṡaċ.
Manners, *s.*, ḋeıġıomċaṙ; nóṡa; ḃéaṡa; aḃaıṙṫ, good manners; ṡíḃıalṫaċṫ, -a, *f.*; taḃaıṙṫ ṡuaṡ; moḋa; ġan oıleaṁaın ġan moḋa, without learning or manners.
Mannish, *adj.*, ḋána.
Manœuvre, *s.*, ıaṙṙaċṫ, cleaṡ nó amuṡ ġlıc.
Manor, *s.*, maınéaṙ, -éıṙ, *m.*; ġṙáıġ, small manor or village, *gen.* -e, *f.*; ġṙaġán, *dim. gen.* & *pl.* -áın, *m.*
Manorhouse, *s.*, ṫeaċ ṁaınéıṙ.
Manorial, *adj.*, maınéaṙaċ; ġṙáıġeaċ.
Mansion, *s.*, áṙḋṫeaġlaċ (tıġeaṙna).
Mansion (of the blessed), áṙuṡ (na naoṁ).
Mansion House, tíṙṫeaċ; bṙuıġean; ḟoṡlonġ; ṡaınṫṙeaḃ.
Manslaughter, *s.*, ḋuıne ḋo ṁaṙḃaḋ ġan ṙéaṁaılíṡ nó ṙéıṁḟeaṙġ.
Man-slayer, *s.*, ḋuınoıṙcneóıṙ, -óṙa, -ṙí, *m.*

Man-slaying, *s.*, ɗuinoꞃcain.
Mansuetude, *s.*, ceannꞃaċt, -a; claonṁaiṫeaꞃ.
Mantelpiece, Mantel, *s.*, mataɩ, -aiɩ, *m.*
Mantelet, Mantlet, *s.*, clóca ʒeaꞃꞃ.
Mantle, *s.*, ꝼallaing, -e, -eaċa, *f.*; bꞃat, -ait, *pl. id.*, and -ata, *m.*; ionaꞃ, -aiꞃ, *m.*; ꞃocán; coċal; ꝼalainn; ꝼallainn; ꞃunaċ.
Mantling ale, *s.*, beóiꞃ ċúḃꞃaċ, *gen.* beoꞃaċ—.
Manual, *adj.*, láiṁeaċ.
Manual, *s.*, láiṁleaḃaꞃ, -aiꞃ, *m.*
Manufactory, *s.*, tiġ-oibꞃe; ceáꞃɗċa, *gen. id.*, *f.*
Manufacture, *s.*, obaiꞃ láiṁe; ɗeantúꞃ, -úiꞃ, *m.*
Manufacturer, *s.*, oibꞃiɗe; ɗéantóiꞃ; ceáꞃɗaċ.
Manumission, *s.*, ꞃcláḃuiɗe nó ɗaoiꞃꞃeaċ ɗ'ꝼuaꞃclaɗ nó ɗo ꞃcaoileaɗ; láṁꞃcaoile.
Manumit, *v.*, ɗo ꝼaoꞃaɗ ó ɗaoiꞃꞃeaċt nó ó ġéiḃeann.
Manure, *v.*, talaṁ ɗo leaꞃuġaɗ le haoileaċ.
Manure, *s.*, aoileaċ; maꞃla; leaꞃuġaɗ; aiṫꞃeoꞃ.
Manuring, *s.*, leaꞃuġaɗ talṁan.
Manuscript, *s.*, leaḃaꞃ láiṁꞃcꞃíoḃṫa; láiṁꞃcꞃíḃinn.
Many, *adj.*, móꞃán; iomaɗ; iomɗa; liaċt; ꝼoiꞃlíon; how many, cá ṁéaɗ; so many, an oiꞃeaɗ ꞃo; twice as many, ɗá oiꞃeaɗ nó an oiꞃeaɗ ꝼá ɗó; as many as, an oiꞃeaɗ aʒuꞃ; we are too many, táimíɗ ꞃoiomaɗaṁail; tá an iomaɗ aʒainn ann; [bꞃo; inʒe; muꞃ; ꞃcoꞃ; tile].
Many-coloured, *adj.*, ioldaṫaċ.
Many-headed, *adj.*, ilċeannaċ.
Map, *s.*, léaꞃꞃcáil, *gen.* -e, *pl.* -í, *f.*
Maple (great), plinntꞃínn.
Maple-tree, *s.*, cꞃann mailp; cꞃann malpaiꞃ; cꞃaoḃ ṁailp.
Maple-sugar, *s.*, ꞃiucꞃa mailp.
Mar, *v.*, ɗo lot; ɗo ṁill.
Maraschino, *s.*, ꝼíon ꞃiꞃíꞃe.
Maraud, *v.*, ꝼoġluiġim.
Marauder, *s.*, ꝼoġluiɗe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*
Marauding, *s.*, ꝼoġluġaɗ, *gen.* -uiġṫe, *m.*
Marble, *s.*, cloċ ṁaꞃmaiꞃ; iṁeaꞃ; iḃeaꞃ; maꞃmaꞃ.
Marble-flower, *s.*, bláṫ maꞃmaiꞃ ɗaite.
March (month of), *s.*, Márta, *m.*; táꞃé ċoṁ meaꞃ le míol Márta, he is as mad as a March hare.
March, *s.*, imṫeaċt, -a, *f.*; ꞃiuḃal, -aiɩ, *m.*; láinꞃiuḃal, tꞃiall [baꞃa].
March, *v.*, ꞃaltꞃaim; ɗo ḃeiṫ aꞃ ꞃiuḃal; ɗ'imṫeaċt; to march in, out, on, in the rear, ɗo ꞃiuḃal iꞃteaċ, amaċ, aꞃ aġaiɗ, aꞃ ɗeiꞃiɗ; to march off, ɗ'imṫeaċt aꞃ.
Marches, *s.*, teóꞃanna.
Marching, *s.*, ꞃiuḃal ꞃluaiġ; taꞃċoṁlaɗ.
Marchioness, *s.*, bean ṁaiꞃcéiꞃ, *gen.* mná —, *f.*
Marcid, *adj.*, ꞃeiꞃgliɗe, *ind.*
Marcidity, *s.*, ꞃeiꞃgliɗeaċt, *gen.* -a, *f.*
Mare, *s.*, láiꞃ, *gen.* láꞃaċ, *pl.* láꞃaċa, *f.*
Mare (colt), *s.*, bꞃomaċ; láꞃaċ.
Margin, *s.*, bꞃuaċ; iomoꞃaċ, -aiġ, *m.*; imeall, -ill, *m.*
Margin of a book, *s.*, maꞃḃán leaḃaiꞃ; meall an leaḃaiꞃ.
Marginal, *adj.*, ꞃan maꞃḃán.

Marigold, *s.*, bláṫ Muire; liaṫán (common); lus Muire; óir Muire; ploṙgaṫ; uiṙḋláṙaċ; bláṫ lus buiḋe.

Marigold (corn), bile buiḋe; bileaċ ċoigreaċ; buaċalán buiḋe; buaṙanán buiḋe; oiṫean; iṫḃláṫ óṙḋa.

Marigold (marsh), beaṙnan Bealtaine; coṙṙa ṙoṫ; lus buiḋe Bealtaine; plubaiṙṙín; piaṙcḃláṫ óṙḋa.

Marine, *adj.*, bainear leis an muir; muireaċ.

Marine, *s.*, raiġḋiúṙ maṙa.

Marine, *s.*, caḃlaċ; caḃlaċán, -áin, *m.*; officers of marine, taoisí an caḃlaiġ.

Mariner, *s.*, loingreaċ, -riġ, *m.*; loingreóir; mairnéalaċ; cairnéalaċ; luam; luamaire; nóciṙe.

Marital, *adj.*, lánaṁaineaċ, -niġe.

Maritime, *adj.*, láiṁ leis an muir; muir-ḟoġur.

Marjoram (a plant), lus maṙraiḋ; mairin; mairtín; reaṫḃóg.

Marjoram (sweet), mairtín.

Marjoram (wild), mairtín ṙiaḋain; óṙaġán.

Mark, *s.*, cóṁarṫa; curṙóir and cuimreaċ (marks to aim at); rcór, -óir, *m.* (notch); ġraṙ; riġin; ṙian; léar; tarcor; cló; cṙón; rleaṙ.

Mark, *v.*, do ċóṁarṫaḋ .i. cóṁarṫaḋ do ċur ar ṙud le n-aiṫneóċuiḋe é aṙír.

Mark (a coin), maṙg; trí rcillinġ déag ⁊ bonn = 13s. 4d. The bonn so often mentioned would therefore seem to be equal in value to 4d.

Marker, *s.*, cóṁarṫaḋóir, -óṙa, -rí, *m.*

Market, *s.*, maṙgaḋ, -aiḋ, -aiḋe, *m.*; aonaċ, -aiġ, *m.*; céiḋe—(*Don. Supp.*; tlaċt malcar, -air, *m.*; you brought your hogs to a fine market, is maiṫ an ġníoṁ do ḋin tú.

Marketable, *adj.*, inceannuiġṫe; indíoltа.

Market-cross, *s.*, cṙormaṙgaiḋ.

Market-day, *s.*, lá maṙgaiḋ.

Market-house, teaċ maṙgaiḋ.

Marketing, *s.*, malcaireaċt, -a, *f.*; ceannuiḋeaċt; ġeiḃeann earraḋ ṁaiṫ ceannaċ éarcaiḋ, good wares make quick marketing.

Market-place, tlaċt-airm; áit ṁaṙgaiḋ.

Market-porter, *s.*, malcaire, *gen. id.*, *pl.* -rí, *m.*

Market-town, baile maṙgaiḋ; tlaċt-ḃaile.

Marking-iron, *s.*, iaṙann cóṁarṫa.

Marksman, *s.*, aimriġṫeóir, -óṙa, -rí, *m.*

Marl, *s.*, maṙla .i. cṙé ċailceaṁail ċum talṁan do leaṙuġaḋ; boirċṙiaḋ, *gen. id.*, *pl.* -ana, *f.*

Marlite, *s.*, ṙóṙt maṙla.

Marl-pit, poll maṙla, *gen.* & *pl.* puill maṙla.

Marly, *adj.*, maṙlaċ.

Marmoset, *s.*, munncuiḋe, ḃeiṫiḋeaċ beag airteaċ.

Marmot, *s.*, luċ rléiḃe, *gen.* luice —, *pl.* luċa —, *f.*

Marquee, pubail, *gen.* puible, *f.* —*O'R.*

Marquess, *s.*, maṙcuir, *gen. id.*, *pl.* -rí, *m.*

Marquise, *s.*, beanṁaṙcuir ḟranncaċ.

Marrer, *s.*, milleóir, -óṙa, -rí, m.

Marriage, *s.*, ꝑóꞅaḋ; ı ḃꝑlaıṫeaꞅ ḋēanṫaꞅ ʒac ꝑóꞅaḋ, marriages are made in heaven; n'ıl aċṫ cıneaṁaın ꞅan ḃꝑóꞅaḋ:

ní ꝑéaꞅṫa ʒo ꝓóꞅṫa,
ní céaꞅaḋ ʒo ꝑóꞅaḋ.

Marriage (arrangement for), cleaṁnaꞅ, -aıꞅ; *also* affinity or relationship by marriage.

Marriageable, *adj.*, ıonṗóꞅṫa; ıon-nuaċaır; ınḟır, from which aınḋır; ıon-ṁná.

Marriageableness, *s.*, ıonṗóꞅṫaċṫ, -a, *f.*

Marriage-banns, *s.*, ꝑóꞅban.

Marriage-portion, *s.*, ꞅpꞅé, *gen. id.*, *m.*

Marriage state, *s.*, céılıḋeaċṫ, -a, *f.*

Married, *p.p.*, ꝑóꞅṫa; he has married a handsome woman, ḋo ṗóꞅ ꞅé bean ḋeaꞅ.

Married couple, lánaṁa, -ṁna, *f.*

Marrow, *s.*, ꞅmıoꞅ, *gen.* ꞅmeaꞅa, *dat.* ꞅmıꞅ, *m.*; lán ḋo ꞅmıꞅ, full of marrow; laoıḋean (*also* pith, pulp).

Marrow-bone, *s.*, cnáṁ ꞅmeaꞅa, also cnáṁ ꞅmıꞅ.

Marrowish, *adj.*, ꞅmıoꞅaṁaıl, -ṁla.

Marrowless, *adj.*, ʒan ꞅmıoꞅ, neaṁꞅmeaꞅaċ.

Marrowy, *s.*, lán ḋe ꞅmıoꞅ.

Marry, *v.*, ḋo ṗóꞅaḋ: to marry in haste and repent at leisure, ḋo ṗóꞅaḋ ʒo hobann ⁊ ḋo ḃeıṫ ı n-aıṫṁéala ʒo mall, nó aꞅ ꞅuaıṁneaꞅ; to marry beneath one, ḋo ṗóꞅaḋ ʒo húıꞅíꞅeal; to marry again, aṫṗóꞅaḋ ḋo ḋéanaṁ.

Mars (the god of war), Maꞅṫ, -a, *m.*

Marsh, *s.*, coꞅcaċ, .ı. talaṁ ꝑlıuċ íꞅeal; abaꞅ, -aıꞅ, *m.*; ḋ'ꝑáʒ ꞅé ꞅa n-abaꞅ mé; ꞅıaꞅc; ꞅıaꞅcaċ, *f.*; cuꞅꞅaċ; boʒaċ; moluaċ.

Marshal, *s.*, maꞅaꞅcál, -áıl, *m.*; ꞅıṫḃe.

Marshal, *v.*, ḋo ċuꞅ ı n-óꞅḋuʒaḋ.

Marshalship, *s.*, maꞅaꞅcálaċṫ.

Marsh-mallow, *s.*, luꞅ na míol móꞅ; ucaꞅ, -aıꞅ, *m.*

Marsh-trefoil, *s.*, pónaıꞅe-ċapaıll; pónaıꞅe-ċuꞅꞅaıʒ.

Marshy, *adj.*, abaꞅaċ, -aıʒe; ꞅıaꞅcaṁaıl, -ṁla; ꞅıaꞅcaċ; boʒ, *comp.* buıʒe.

Mart, *s.*, aonaċ; maꞅʒaḋ; malċaꞅ.

Martial, *adj.*, coʒaṁaıl, -ṁla; court-martial, cóṁaıꞅle coʒaıḋ; martial-law, ḋlıʒe coʒaıḋ; ʒꞅımeaṁaıl.

Martingale, *s.*, ıall bꞅáıʒḋe (eıċ); ʒeaꞅꞅaḋ bꞅáıʒḋe—*Foley.*

Martinmas, *s.*, lá ḟéıle Máꞅṫaın.

Martyr, *s.* maıꞅṫíꞅeaċ; the book of martyrs, leaḃaꞅ na maıꞅṫíꞅeaċ.

Martyr, *v.*, ḋo ċuꞅ aꞅ ḋuıne maıꞅṫíꞅeaċṫ ḋ'ꝑulaınʒ.

Martyrdom, *s.*, maꞅṫꞅa; maıꞅꞅeaċṫṫí.

Martyrise, *v.*, maıꞅṫꞅıʒım.

Martyrologist, *s.*, ꞅcꞅíḃneóıꞅ aꞅ ḃeaṫa ⁊ aꞅ ḃáꞅ na maıꞅṫíꞅeaċ.

Martyrology, *s.*, leaḃaꞅ aꞅ ḃeaṫa ⁊ aꞅ ḃáꞅ na maıꞅṫíꞅeaċ.

Marvel, *s.*, ıonʒnaḋ, *gen.* & *pl.* ıonʒanṫa, *m.*

Marvel, *v.*, ıonʒnaḋ ḋo ḋéanaṁ ḋe ꞅuḋ.

Marvellous, *adj.*, ıonʒanṫaċ; mıoꞅḃalṫa; oṁnaċ.

Marvellously, *adv.*, ʒo hıonʒanṫaċ.

Marvellousness, *s.*, ıonʒantaċt, -a, *f.*
Masculine, *adj.*, ƒeaṛḋa; ƒiṛeann.
Masculine courage, *s.*, miṛneaċ ƒeaṛḋa.
Masculine gender, ƒiṛinṛcne.
Masculineness, ƒeaṛḋaċt, -a, *f.*
Mash, *s.*, neiṫe ṛuaiṫte tṛí n-a ċéile, .i. bṛan ⁊ uiṛce; bṛaiċ moġul.
Mash, *v.*, do ṁeilt nó do ḃṛúġ ʒo mion.
Mashy, *adj.*, moġulaċ.
Mask, *s.*, púicín nó ƒalaċ éadain; cealtaiṛ; *cf.* Scotch *Kilt*; ʒiġiṛ, -e, -eaċa, *f.*; ciḋiṛ, -e, -eaċa, *f.*; she had a mask on, do ḃí púiċín uiṛṫi.
Masker, *s.*, ciḋiṛiṛeaċ.
Mason, *s.*, ṛaoṛ ċloiċe; caiṛleóiṛ.
Masonry, *s.*, obaiṛ ċloċ; ṛaoiṛṛeaċt: iṛ deaṛ an ṛaoiṛṛeaċt í ṛin, that is good masonry.
Masquerade, *s.*, caiṫeaṁ aimṛiṛe i n-a dtéid daoine i mbṛéiʒṛioċt; ʒiġiṛ, -e, -eaċa, *f.*
Masquerader, *s.*, ʒiġiṛṛeaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*
Masquerading, *s.*, ʒiġiṛṛeaċt, -a, *f.*
Mass, *s.*, Aiƒṛeann, -ṛin, *m.*; to say Mass, Aiƒṛeann do ṛáḋ.
Mass, *s.*, caṛnán, -áin, *m.*; caṛn, *gen.* & *pl.* caiṛn, *m.*; cṛuinneaċán, -áin, *m.*; taiṛ, -e, *f.*; toṛṛ, *gen.* & *pl.* tuiṛṛ; bṛaṫ, -a, *m.*
Massacre, *s.*, áṛ coitċeann; ṛlaodṁaṛḃaḋ; ceaṛḃall, -aill, *m.*; caṛcaiṛt, -e, *f.*; ƒeaṛbaḋ; ƒoiṛtibe; maṛḃaḋ; oṛn; ṛulaḋ; éiṛleaċ, *gen.* -liġ, *m.*
Masseur, *s.*, ıonnaltóiṛ, -óṛa, -ṛí, *m.*
Masseuse, *s.*, ıonnaltóʒ, -óiʒe, -a, *f.*
Massiness, *s.*, méadaṁlaċt.
Massive, *adj.*, tṛom, *comp.* tṛuime.
Massiveness, *s.*, tṛuime, *gen. id.*, *f.*
Mast (fruit), *s.*, meaṛ, -a, *m.*; caṛċnó; daṛcain, -e, *f.*
Mast, *s.*, muṛ-ċṛann; ṛeól-ċṛann; ƒeaṛna; cṛann ṛeóil luinʒe; the main mast, an cṛann láiṛ; the foremast, an cṛann toṛaiġ; cṛann báid, mast of a boat; cṛann luinʒe, mast of a ship.
Master, *v.*, do ṛmaċtuġaḋ; do ṛiaġlaḋ; to master a person, duine do ċlaoiḋ nó do ṛmaċtuġaḋ.
Master, *s.*, máiġiṛtiṛ, *gen. id.*, *pl.* -tṛí, *m.*; ṛiaġluiġṫeóiṛ; ceannuṛṛaḋ; master of a house, ƒeaṛ tiġe, ṛiaġluiġṫeóiṛ tiġe, taoiṛeaċ teaġlaiġ; Master of Arts, máiġiṛtiṛ ealaḋan; master of a school, m— ṛcoile; dancing-m—, m— daṁṛaḋ; writing master, m— ṛcṛíḃneóiṛeaċta; m— of horse, m— na n-eaċ; the King's M— of Horse, m— eaċ an ṛiġ; M— of the Posts, m— na bpoṛt; the M— of the Rolls, m— na ṛolluiḋe; M—Warden of the Mint, m— an aiṛʒid do ċuṛ i ʒclóḋ; to be master of a thing, do ḃeiṫ i ṛeilḃ neiṫe.
Masterdom, *s.*, máiġiṛtṛeaċt, -a, *f.*
Masterful, *adj.*, máiġiṛtṛeaṁail.
Master-key, *s.*, áiṛd-eoċaiṛ; báiṛṛ-eoċaiṛ—*Foley.*
Masterless, *adj.*, ʒan máġiṛtiṛ.
Masterly, *adj.*, eólaċ; ceannaṛaċ.
Master of Arts, *s.*, áṛdʒaoiṛiṛe.
Masterpiece, *s.*, pṛíoṁ-obaiṛ.

Mastership, *s.*, ceannaſaċt, -a, *f.*; máiġiſtreaċt, -a, *f.*
Masterwort, *s.*, ꝼlioḋmóꝛ; móiꝛ-ꝼlioḋ; nuinſionaċ.
Mastery, *s.*, maiġiſtreaċt, -a, *f.*; tiġeaꝛnaſ, -aiſ, *m.*
Mastic, Mastich, maiſtóg, -óiġe, -a, *f.*
Masticate, *v.*, coġnaim.
Mastication, *s.*, coġnaṁ—*Aisl. M.* 101-11; 127-30.
Masticatory, *adj.*, coġnaṁaċ, -aiġe.
Mastich, *s.*, luſ maiſtiġe.
Mastich-tree, *s.*, maiſteóg, -óiġe, -a. *f.*
Mastiff, *s.*, maiſtín; luan, -ain, *m.*
Mast-tree, *s.*, cꝛann ġiuṁaiſ; ꝼaiḋbile; ꝼaġḃaiſcne.
Mat, *s.*, mata, *m.*; ſꝛaideóg, -óiġe, -a, *f.*; ꝼiġéan.
Mat-bed, *s.*, leaba ꝼlocaiſ.
Mat-grass, *s.*, beitean.
Mat-weed, *s.*, luaċaiꝛ ġaḃaiꝛ, *gen.* luaċꝛa—, *f.*; ġaitiꝛí, *g. id.*, *m.*
Match, *s.*, maiſt, -e, *f.*; laſán, *gen.* & *pl.* -áin, *m.*; laſóg, -óiġe, -a, *f.*
Match (arrangement for marriage), *s.*, connꝛaḋ póſta; cleaṁnaſ, -aiſ, *m.*: to make a match, connꝛaḋ nó ḋáil póſta do déanaṁ; a rich match, nuaċaꝛ ſaiḋḃiꝛ, *cf.* the common expression, ſonuaċaꝛ ċuġat, meaning may you get a good companion in marriage—husband or wife as the case may be, as the same expression is used for boys and girls.
Match (an equal), macſaṁail, -ṁla, *f.*; ſeiſ, -e, *f.*; leiṫéid; he has not his match, ní'l a ċóiṁ ionann aiġe.
Match, *v.*, do ḃeiṫ coſṁail; do ḃeiṫ cóiṁ-ionann; ní oiꝛeann ſiad dá ċéile, they do not match each other.
Matchable, *adj.*, oiꝛeaṁnaċ; cóiṁ-ionann.
Matchless, *adj.*, ġan leiṫéid; ní'l a leiṫéid le ꝼáġḃail.
Matchmaker, *s.*, duine déanꝼaḋ cleaṁnaiſ.
Mate, *s.*, céile, *gen. id.*, *m.* or *f.*; compánaċ, -aiġ, *m.*; ġuailliḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*; leaṫġuala.
Mate, *v.*, do ċúplaḋ: the wolf goes to mate, téid an mactíꝛe ċum cúplaiḋeaċta.
Material, *s.*, áḋḃaꝛ, -aiꝛ, -a, *m.*; déanṁuſ.
Material, *adj.*, táḃaċtaċ.
Maternal, *adj.*, máṫaiꝛeaṁail, -ṁla; máṫaꝛḋa.
Maternity, *s.*, máṫaiꝛeaṁlaċt, *gen.* -a, *f.*; máṫaꝛḋaċt, *gen.* -a, *f.*
Math, *s.*, aiṫꝼéaꝛ d'ꝼáſaſ aꝛ ṁóinꝼéaꝛ taꝛ éiſ an ċéadḃáꝛꝛ do ḃain de; aṫáilí; aṫꝼáſ.
Mathematical, ꝼoillſiġṫe le ꝛéaſúnaiḃ dionġṁálta.
Mathematical demonstration, ꝼoillſiuġaḋ ꝛéaſúnta.
Mathematics, *s.*, diaineólaſ, -aiſ, *m.*—*O'Beg.*
Matin, *s.*, maidean, *gen.* maidne, *dat.* maidin, *f.*
Matins, *s.*, úꝛnuiġṫe na maidne, iaꝛṁeiꝛġe.
Matricide, *s.* (1) the crime, máṫaꝛ-ṁaꝛḃaḋ; máṫaꝛoꝛn; (2) the criminal, máṫaꝛ-ṁaꝛḃṫóiꝛ; taolomaċ.
Matriculate, *v.*, anamanna ſcoláiꝛí óġa do ċuꝛ ſíoſ i leaḃaꝛ coláiſte.
Matriculation, *s.*, do ḃeiṫ ainmniġṫe i leaḃaꝛ coláiſte.

Matrimonial, *a.*, ρόγαṁαιl, -ṁlα.
Matrimony, *s.*, ρόγαḋ, -γτα, *m.*: to contract matrimony, ρόγαḋ do ḋέαnαṁ nó ceαnʒαl ρόγτα do ċuγ αγ ϝέιn.
Matrix, *s.*, mullα (*gen. id.*, *pl.* -αιḋe, *m.*) ι n-α nḋέαnταγ nα lιτγe doġnίḋ αn clόḋ.
Matrix, *s.*, bγú mná.
Matrix, *s.*, mάṫαιγ daṫαnnα, .ι. duḃ, bán, ʒoγm, deαγʒ, ⁊ buιḋe.
Matron, *s.*, beαn αoγτα eαʒnuιḋe; bγuιnneαċ, -ιġe, -α, *f.*; τγom-ṁάṫαιγ.
Matter, *s.*, αḋḃαγ, .ι. αn nιḋ dá nḋέαnταγ neιṫe eιle.
Matter (pus), bγαċα, *gen. id.*, *m.*; to gather into matter, do ċγuιnnιuġαḋ ċum bγαċα nó ċum oṫγuιγ; ιonġuιγ.
Matter (subject of discourse); in matters of religion, ι ʒcάγ-αιḃ ċγeιdιṁ; he spoke much on the matter, do lαḃαιγ γé mόγán αγ αn ʒcúιγ; there is no matter for complaint, nί'l αon ċúιγ ġeαγáιn αnn; I will tell you what the matter was, ιnneόγαd-γα ḋuιτ cαd é αn ċúιγ do ḃί αnn; it is not a likely matter, nί cúιγ ιγ coγṁαιl le ϝίγιnne é; I make no matter of it, nί ġním-γe cάγ αγ bιṫ ḋe; we made a habit of it, and custom, as you know, is a great matter, ḋeιneαmαγ ʒnάṫαṁ de, αʒuγ τά ϝιoγ αʒατ ʒuγ mόγ αn nίḋ αn ġnάṫαṁ.
Matter (cause of disturbance); 'tis no matter, nί'l τάḃαċτ αnn; it matters not, nί ϝιú dαḋαṁ é; nί ϝιú bιoγán é; nί ϝιú αon γud é.
Mattery, *adj.*, lán do ḃγαċα.
Mattock, *s.*, láιġe, *gen. id.*, *pl. id.* & -eαnnα, *f.*; γαnn; ʒγαϝán, -áιn, *m.*
Mattress, *s.*, mατα nó leαbα ϝlocαιγ.
Maturation, *s.*, αιbιḋeαċτ, *gen.* -α, *f.*
Mature, *adj.*, αιbιḋ, -e; ϝoιγϝe, *ind.*
Mature, *v.*, do ṫαḃαιγτ ċum αιbιḋeαċτα; do ṫαbαιγτ ċum cιnn.
Maturity, *s.*, ιomláιne; αbαιḋ-eαċτ; ϝoιγϝeαċτ, -α, *f.*; to come to the age of maturity, do ṫeαċτ ċum αoιγ ιomláιn.
Maudlin, *adj.*, γúʒαċ, -αιġe; γαoḃnόγαċ.
Maugre, *adv.*, d'αιṁḋeόιn.
Maul, *v.*, do ḃuαlαḋ ʒo τγom; ʒeαnʒαιm.
Mauled, *adj.*, τγom-ḃuαιlτe.
Maulstick, *s.*, αn mαιde αγ α luιġeαnn αn ριnnτέαγ α láṁ nuαιγ ḃίonn γé αʒ ριnnτέαγαċτ.
Maund, *s.*, cliαḃ mόγ.
Maunder, *v.*, do ḃeιṫ αʒ cιαγγán no αʒ bγúċαιnτ.
Maunderer, *s.*, cιαγγánuιḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*
Maundy-Thursday, αn Dιαγ-dαoιn ḋέιḋeαnαċ den Ċαιγ-ġeαγ.
Mausoleum, *s.*, τomba oιγḋeιγc mαγmuιγ, ċuιʒ cnáṁγαoι dέαʒ ⁊ ϝιċe αγ αoγιde; ċeιṫγe τγoιġ-ṫe ⁊ dá ϝιċιττ nα ṫιmċιoll, αγ nα conʒḃáιl γuαγ le α γé dέαʒ ⁊ ϝιċe do ṗιolόιγιḃ áιlle ιon-ʒαnταċα, noċ do ṫόʒ αn γιoġ-αιn Artemesia ι n-onόιγ α ϝιγ ṗόγτα Mausolus, Rιġ Cγιċe Caria; αʒuγ do ṁeαγαḋ αn τuαmba γo muγ αon do γeαċτ n-ιonʒαnτuιγ αn doṁuιn— *O'Beg.*

Mavis, *s.*, ſmólaċ, *gen.* -aiġe, *dat.* ſmólaiġ, *f.*
Maw, *s.*, méaɗal, -ail, *m.*; cṛaoſlaċ, -aiġ, *m.*
Mawkish, *adj.*, tṛom aṛ an nġoile.
Maw-worm, míol ġoile; builġ-ṗiaſt.
Maxillar, } *adj.*, b̆aineaſ le
Maxillary, } cnáiṁ an ġéill.
Maxim, *s.*, ġnáṫ-ḟocal; ṛiaġail coitċeann; ḟocla; ɗeaṛb̆ann; ḟionḟuiṛmeaɗ; ɗeiṛb̆-ġníoṁ, -a, -aṛṫa, *m.*; céime; táim lán-eólaċ i b̆ḟíṛinne na céime ſin, I am well aware of the truth of that maxim.
Maximum, *s.*, an ċuiɗ iſ mó.
May, *s.*, Bealṫaine, *gen. id.*, *m.*; Ceiɗeaṁain.
May, *v.*, it may be, ɗob'ḟéiɗiṛ é; if it may be, ɗá mb'ḟéiɗiṛ é; you may if you wish, iſ ḟéiɗiṛ leat máſ toil leat; as fast as may be, cóṁluaṫ 'ſ iſ ḟéiɗiṛ; as much as may be, oiṛeaɗ 'ſ iſ ḟéiɗiṛ; as little as may be, cóṁbeaġ 'ſ iſ ḟéiɗiṛ; that you may do it, ionnuſ ġo nɗéanḟaiṛ é; as like as may be, cóṁ coſṁail 'ſ iſ ḟéiɗiṛ; may it please your Majesty, le toil ɗo ṁóṛɗaċta.
May-be, *adj.*, b'ḟéiɗiṛ ſin.
May-bug. *See* May-fly.
May-day, lá Bealṫaine; an céaɗ lá ɗo ṙaṁṛaɗ.
May-flower, bláṫ Bealṫaine.
May-fly, *s.*, ḟeileacán; cuileóġ ġoṛm.
May-games, *s.*, cluiċṫe na bláṫa.
May-lady, *s.*, bainṛíoġan na Bealṫaine.
May-lily, *s.*, nóinín na nġleannta.
Mayor, *s.*, méaṛa, ṛiaġluiġṫeóiṛ caṫṛaċ nó baile ṁóiṛ.
Mayoralty, *s.*, méaṛuiɗeaċt, -a, *f.*
Mayoress, *s.*, bean an ṁéaṛa, *gen.* mná —.
May-pole, *s.*, cṛann Bealṫaine.
May-queen, *s.*, bainṛíoġan na Bealṫaine.
Mazard, *s.*, ġiall, *gen.* ġéill, *m.*; ceann, *gen.* cinn, *m.*
Maze. *See* Labyrinth. lúp, -úipe, *f.*—*Aisl. M.*
Maziness, *s.*, aċṛannaċt, *g.* -a, *f.*
Mazy, *adj.*, aċṛannaċ, -aiġe.
Me, *pr.*, mé; miſe; love me, taɓaiṛ ġṛáɗ ɗam; ġṛáɗuiġ mé.
Mead, *s.*, meaɗ; milb̆iṛ; ſóṛt ɗiġe nó biotaille ɗo ġní-ṫeaṛ ɗe ṁil.
Mead, } *s.*, moinḟéaṛ, -éiṛ, *m.*;
Meadow, } léana, *gen. id.*, *pl.* -nta, *m.*; maɗán, -áin, *m.*; aċaɗ, -aiɗ, *m.*; plá, *gen. id.*, *m.*
Meadow (small), léanóġ, -óiġe, -a, *f.*
Meadow (by a bog or river), cluain, -e, -eaċa, *f.*
Meadow-bouts, *s.*, luſ buiɗe Bealṫaine.
Meadow-grass (sweet), boṛṛaċ; miſléan.
Meadow-land, *s.*, talaṁ moin-ḟéiṛ.
Meadow-pink, *s.*, luſ na ġile; caoṛóġ léana.
Meadow-sweet, aiṛġeaɗ luaċṛa; aiṛġiɗín luaċṛa; luſ cneaſ; cneaſ conċullain.
Meadowy, *adj.*, moinḟéaṛaċ.
Meagreness, *s.*, tṛuaiġleaċt, -a, *f.*; tanaiɗeaċt.
Meagre, *adj.*, tṛuaġ; tanaiɗe; teiṛcḟeólaċ; ſcṛutaċ.
Meal, *s.*, béile bíɗ, pṛoinn, -e, *f.*; longaɗ; ſéiṛe.
Meal, *s.*, min, *gen.* -e, *f.*

Mealiness, *s.*, mineaṁlaċt, *g.* -a, *f.*
Meal-man, *s.*, dioltóir mine.
Meal-time, *s.*, aimsir béile ; aimsir bid.
Mealy, *adj.*, mineaṁail, -ṁla ; mineaċ.
Mealy-mouthed, *adj.*, leaṁnáireaċ.
Mean, *adj.*, meaḋónaċ, -aiġe.
Mean, *adj.*, úirísreal, -ísle ; boċt, *comp.* boiċte ; truaġánta ; ġangaideaċ; scrutaċ ; míṁeasta ; ciotṙamaċ ; éiġlide ; spaḋánta ; suaraċ ; anuasal ; spriúnlaiġṫe.
Mean, *v.*, what do you mean to do, cad is maiṫ leat a ḋéanaṁ nó cad is mian leat do ḋéanaṁ ; to mean one harm, mian uilc do ḃeiṫ aġat do ḋuine ; cialluiġim.
Mean fellow, *s.*, scrut, -uit, *m.* ; scut, -uit, *m.* ; dearóil ; anra ; spriúnluiġṫeóir.
Meander, *v.*, do ċasaḋ anonn ⁊ anall.
Meandrian, Meandrous, *adj.*, casluadraċ anonn ⁊ anall ; sruṫ-ċasaċ.
Meanest, *adj.*, is úirísle.
Meaning, *s.*, briġ ; cialluġaḋ : cad cialluiġeas an focal so nó cad é an ḃriġ atá leis an ḃfocal so, what is the meaning of this word ; with an ill-meaning, le droċaigne, le droċ-intinn ; a well-meaning man, duine deiġ-ṁianaċ, deaġ-aġeantaċ.
Meanly, go truaiġliġṫe ; go húirísle ; go spriúnlaiġṫe.
Meanness, *s.*, úirísleaċt, -a, *f.* ; spriúnluiġṫeaċt, -a, *f.* ; ġangaideaċt, -a. *f.* ; cníopaireaċt ; díbliġeaċt ; suaraiġeaċt, -a, *f.*

Means, *s.*, ġléas; by that means, leis an ngléas soin ; by fair means or foul, le ceannsaċt nó le fealltóireaċt, ar ais nó ar éiġean ; by all means, le ġléas ar biṫ ; by no means, ar ġléas ar biṫ ; by some means, le ġléas éiġin ; cor, *gen.* & *pl.* cuir, *m.* ; caoi, *gen. id.*, *m.* & *f.* ; sliġe.
Means, *s.*, saiḋḃreas, -ris, *m.* ; innṁe, *gen. id.*, *f.* ; raċmas, -uis, *m.* ; maoin, -e, *f.* ; ġustal, -ail, *m.*
Meantime, *adv.*, an t-am céadna.—*O'Beg.*
Meanwhile, an ḟaid.
Mearing, *s.*, saḃrann ; teóra.
Mear-stone, *s.*, cloċ teórann idir ḋá rann talṁan.
Mease, *s.*, áireaṁ scaḋán ann a mbíonn ċúiġ céad.
Measled, *p.p.*, bruitíneaċ, -niġe.
Measles, *s.*, bruitíneaċ ; britinneas ; bruitín.
Measly, *adj.*, bruitíneaċ, -niġe.
Measurable, *adj.*, iontoṁais.
Measurableness, *s.*, iontoṁaisreaċt, -a, *f.*
Measure, *s.*, miosúr, -úir, *m.* ; tóiṁseaċán, tóiṁsín (made of paper, folded funnel-shaped, and used for small quantities of snuff, tea, sweets, &c.) ; slat-ṫoṁais (yard measure).
Measure (moderation), *s.*, out of measure, as meaḋon ; beyond measure, ṫar meaḋon.
Measure, *v.*, do ṫoṁas ; do ṁeas ; to measure everyone's corn by one's own bushel, arḃar ġaċ aon do ṫoṁas le n-a ḃuiséal féin, .i. do ṁeas ġaċ aon do ḃeiṫ ċóṁ donaḋ leis féin.
Measure (by pacing), coiscéimniġim.

Measured, *p.p.*, ceaṛtuiġṫe ; a measured mile, mīle ċeaṛt.
Measurement, *s.*, toṁaṛ, *gen.* & *pl.* -aiṛ, *m.*
Measurer, *s.*, cuimṛiġṫeóiṛ, -óṛa, -ṛí ; toṁaiṛteóiṛ.
Measures, *s.*, ṛlíġṫe ; he broke through all my measures, do ḃṛiṛ ṛé tṛí mo ṛ̇liġṫe ʒo léiṛ ; toṁaiṛí ; in some measure, i moḋ éiʒin.
Measuring, *adj.*, aʒ toṁaṛ.
Measuring-rod, *s.*, ꝼe, *gen. id.*, *f.*
Meat, *s.*, ꝼeóil, -óla, *f.* ; biaḋ, *gen.* bíḋ, *m.* ; to forego meat, do leiʒean d'ꝼeóil ; without meat or drink, ʒan biaḋ ʒan deoċ ; there is neither good meat nor good drink, ní'l biaḋ ná deoċ maiṫ ann [colt ; coṫ ; cua ; ꝼiad ; ṛaṫ ; tucṛa ; ṛeaṛcall].
Mechanic, *s.*, ceáṛduiḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.* ; ṛaoṛ, *gen.* & *pl.*, ṛaoiṛ, *m.*
Mechanical, *adj.*, ceáṛdaṁail, -ṁla.
Mechanically, *adv.*, ʒo ceáṛdaṁail.
Mechanics, *s.*, ealaḋan céiṛde ⁊ ʒluaṛaċta.
Mechanism, *s.*, ceáṛdaċt, *gen.* -a, *f.*
Meconic, *adj.*, codlaidíneaċ.
Meconium, *s.*, ṛuġ codlaidín.
Medal, *s.*, clóḋ buailteaṛ aṛ óṛ, aiṛʒead nó ṗṛáṛ.
Meddle, *v.*, do ḃain le ; I will not meddle with him, ní ḃeiḋ ṛoinnt aṛ biṫ aʒam leiṛ ; ní buailꝼiḋ mé ꝼé ; ní ḃeiḋ caidṛeaṁ aṛ biṫ aʒam leiṛ ; leiʒꝼead ṫoṛm é ; do not meddle with him, ná bain leiṛ ; ná cuiṛ buaiḋṛeam aiṛ.
Meddler, *s.*, ceann i ʒcúṛam .i. duine ċuiṛeaṛ a ċeann in ʒaċ níḋ ḃíoṛ aṛ ṛiuḃal ; bṛiollṛcaiṛe ; maiḋe meaṛcuiġṫe.
Meddlesome, *adj.*, mainíṛeaċ, -ṛiġe.
Meddlesomeness, *s.*, mainíṛeaċt, -a, *f.*
Meddling, *s.*, mainíṛ.
Medial, *adj.*, meaḋonaċ, -aiġe.
Mediate, *v.*, d'oibṛiuġaḋ i ʒcáṛ duine eile.
Mediation, *s.*, ṛéiḋteaċ ; eadaṛġuiḋe ; míḋeaṁuin.
Mediator, *s.*, eadaṛġuiḋṫeóiṛ ; meaḋontaċ, -aiġ, *m.* ; eadaṛṁeaḋontóiṛ ; ꝼeaṛ eadaṛġaḃála.
Medicable, *adj.*, inleiġeaṛta, *ind.*
Medical, *adj.*, leiġeaċ ; liaiġeaċ.
Medicament, *s.*, leiġeaṛ, *gen.* & *pl.* -ġiṛ, *m.*
Medicamental, *adj.*, leiġeaṛaṁail, -ṁla.
Medicinable, *adj.*, inleiġeaṛta, *ind.*
Medicinal, *adj.*, mioḋaċ—*Aisl. M.* ; leiġeaṛaċ.
Medicine, *s.*, leiġiṛ-eólaṛ ; ealaḋa leiġiṛ ; mioḋċuine, *f.*—*Aisl M.*
Medicine (remedy), leiġeaṛ, -iṛ, *m.* ; ioc, *gen.* ice, *pl.* -a, *f.* ; ꝼṛeapaḋ.
Mediety, *s.*, leaṫ.
Mediocre, *adj.*, meaḋónaċ, -aiġe.
Mediocrity, *s.*, meaḋóntaċt, -a, *f.*
Meditate, *v.*, do ṛmuaineaḋ aṛ níḋ ; do ṁeaḃṛaḋ ; beaṛtuiġim ; níḋ do ṁeaṛ ṛán intinn.
Meditation, *s.*, bṛeaṫnuġaḋ, -uiġṫe, *m.* ; ṛtuidéaṛ, -éiṛ, *m.* ; maċtnaṁ ; miḋeaṁain, -ṁna, *f.*
Meditative, *adj.*, meaḃṛuiġṫeaċ, ṛmuainteaċ.

Mediterranean Sea, *s.*, muir lárṫalṁan, mar atá ṡí ag roinn le trí ranna don doṁan .i. Eoraip, Aṡia agus Aifric; an Ṁuir Ṫorrian.
Medium, *s.*, meaḋon nó lár.
Medlar (a fruit), *s.*, tón oṡcailte.
Medlar-tree, crann meidil.
Medley, *s.*, mearcaḋ, -cṫa, *m.*; broṫuṡ, -uiṡ, *m.*; coimearc.
Medullar, Medullary, *adj.*, ṡmioraṁail.
Meed, *s.*, luaċ ṡaoṫair; luaiḋeaċt, -a, *f.*; cúiteaṁ.
Meek, *adj.*, caoin, -e; ṡéiṁ, -e; mín, -e; caoṁ, -oiṁe; ciúin, -e; cnearta, *ind.*; ceannṡa, *ind.*
Meekly, *adv.*, go ceannṡa; go cnearta; go ciúin.
Meekness, *s.*, ceannṡaċt, -a, *f.*; caoine, *f.*; ṡéiṁe, *f.*; caoiṁe, *f.*; ciúineaṡ, *gen.* -niṡ, *m.*; uṁlaċt, -a, *f.*; cnearṫaċt, -a, *f.*
Meet, *adj.* (1) fit or proper, oireaṁnaċ, foilleaṁnaċ; (2) convenient, cóṁgaraċ; ioṡdáil.
Meet (to come together from opposite directions), *v.*, do ṫeagṁáil ar; teangṁuiġim: I'll meet him on any ground, teagmód-ṡa leiṡ ar ṫalaṁ ar biṫ:

Caṡṫar na daoine le ċéile
Aċt ní caṡṫar na cnuic ná na ṡléiḃṫe,
The people meet but the mountains never.

id ċoinne, to meet you.
Meet (to assemble), *v.*, do ċruinniuġaḋ; do ṫionól nó do ṫeaċt i gceann a ċéile.
Meet (to light on or find), *v.*, ṫáṡlaiḋ anfaḋ leiṡ, he met with a storm; ar ṫáṡlaiḋ ṡcéalta deóṡata, nó deóṡanta, oṡt ar teaċt i dtíṡ, did you meet with any strange news at your landing; to meet with a refusal, diúltaḋ ḋ'ḟaġḃáil.
Meeting, *s.*, cóiṁṫionól; oireaċtaṡ; teagṁaṡ dá ṡruṫ ar a ċéile, the meeting of two streams.
Meetly, *adv.*, go hoireaṁnaċ; go cóṡaċ.
Meeting-place, *s.*, ineaḋ coinne.
Meetness, *s.*, oireaṁnaċt, *gen.* -a, *f.*
Megrim, *s.* *See* Dizziness.
Melancholia, *s.*, lionnduḃ, -uiḃ, *m.*; leannduḃ, -uiḃ, *m.*; taom doilġeaṡ.
Melancholic, *adj.*, duiḃleanntaċ; doilġeaṡaċ, -aiġe; dobṡónaċ, -aiġe.
Melancholy, *s.*, dólás, -áiṡ, *m.*; doilġeaṡ, -ġiṡ, *m.*; lionnduḃ; buaiḋreaṁ inntinne; duiḃleann, -a, -ta, *f.*; doilḃreaċt, -a, *f.*; dimniḋeaċt; míolainneaċt, -a, *f.*
Melancholy, *adj.*, duiḃleannaċ; doilḃir, -ḃre; dolásaċ duḃaċ (aṡ); doiliġ; triṡt, -e; duḃaċ.
Melange, *s.*, mearcaḋ.
Melic-grass (purple), braḃán; bunglaṡ; mealóig; féir corcuir; punglaṡ.
Meliorate, *v.*, do leaṡuġaḋ.
Melioration, *s.*, leaṡuġaḋ, -uiġṫe, *m.*
Melliferous, *adj.*, mileaṁail, -ṁla.
Mellification, *s.*, ag déanaṁ meala.
Mellifluence (as applied to oratory), miliṡ ḃriaṫraċt.
Mellifluent, Mellifluous, *adj.*, miliṡḃriaṫraċ.

Melliot (common), meaɫóɗaċ.
Melliot (wild), cúıbíní cuıt; plúırín ɾeangán.
Mellow, *adj.*, bog, *comp.* buıge; aıbıḋ.
Mellow, *v*, do ḋéanaṁ aıbıḋ.
Melocoton, Melocotoon (quince apple), uḃall caınċe.
Melodious, *adj.*, bınn, -e; ceólṁar, -aıre; ɾıanɾaċ; bınnġuṫaċ.
Melodiously, go ceólṁar; go bınn.
Melodiousness, *s.*, bınneaɾ; ceólṁaıreaċt, -a, *f.*
Melody, *s.*, ceól, -óıl, *m.*; ɾıanɾa, *gen. id.*, *m.*; oırfıdeaḋ; eaɾnaḋ; rınn nıdıḋeaċt; oḋ, *gen.* oıḋ, *m.*; bınneaɾ, -ıɾ, *m.*; claɾ; coɾ; aṁar; oɾ; aıne.
Melon, *s.*, mealḃúcan, *gen.* & *pl.* -aın, *m.*
Meltable, *adj.*, ɾoleaġta, *ind.*
Melt, *v.*, do leaġaḋ; do ṁaoṫaḋ ı ndeoɾaıḃ, to melt into tears; óɾ do leaġaḋ, to melt gold; tınım.
Melted, leaġta (*pron.* leaċta).

Note—This is a survival of the guttural sound which ġ formerly possessed in the middle of words.

Melter, *s.*, leaġtóıɾ, -óɾa, -ɾí, *m.*
Melting, *s.*, leaġaḋ, -ġta, *m.*; tıonaḋ, -nta, *m.*; a melting discourse, cóṁɾáḋ moṫuıġṫeaċ; cóṁɾáḋ ċoɾɾuıġeaɾ an ıntınn.
Member, *s.*, ball nádúɾṫa den ċoɾp, *gen.* & *pl.* baıll; géag, éıge, -a, *f.*
Member of Parliament, duıne d'uaıɾlıḃ na cóṁḋála; ball feıɾıɾe.
Membership, *s.*, coṁaltaċt, *gen.* -a, *f.*
Membrane, *s.*, ɾcannán, *gen.* & *pl.* -áın, *m.*
Membraneous, *adj.*, ɾcannánaċ, -aıġe.
Memento, *s.*, cuıṁneaċán, *gen.* & *pl.* -áın.
Memoir, *s.*, ɾcéal, *gen.* & *pl.* -éıl, *m.*; ɾtaıɾ, -e, *f.*
Memorable, *adj.*, ıonċuıṁnıġṫe; cuıṁneaċ.
Memorandum, *s.*, nıḋ do ċuɾ ı ɾcɾíḃınn ċum cuıṁne ċıan do ḃeıṫ aıɾ; cuıṁneaċán, -áın, *m.*
Memorandum-book, *s.*, meaḃɾaċán; meaḃɾánaċ; leaḃaɾ coɾċuıṁnıġṫe.
Memorial, *s.*, ɾcɾíḃınn cuıɾeaɾ níḋ nó neıṫe ı gcuıṁne do ḋuıne; cuıṁneaḋ.
Memorial, *adj.*, cuıṁneaċ.
Memorial, *s.*, cuıṁneaċán, -áın, *m.*; ɾcɾíḃınn ċum nıḋ do ċuɾ ı gcuıṁne.
Memorising, *s.*, cuıṁnıuġaḋ, -ıġṫe, *m.*
Memory, *s.*, meaḃaıɾ, -ɾaċ, -a, *f.*; meaḃaıɾ ċınn.; cuıṁne, *gen. id.*, *f.*; aɾ aṁaɾc aɾ cuıṁne, out of sight out of mind; that is out of my memory, tá ɾoın aɾ mo ṁeaḃaıɾ-ɾe, nó aɾ mo ċuıṁne; to call to memory, do ṫaḃaıɾt ı gcuıṁne no do ṫaḃaıɾt cuṁ cuıṁne; to keep a thing in memory, níḋ do ċoımeáḋ, nó do ċongḃáıl, ı ngnáṫċuıṁne; within the memory of man, ı gcuıṁne an duıne, le cuımne an duıne.
Men, *s.*, daoıne, *pl. of* duıne, a man; muınntıɾ, *gen.* -e, *f.*
Menace, *v.*, do ḃagaıɾ.
Menace, *s.*, bagaıɾt, -ɾṫa, *m.*; bubaḋ, -bṫa, *m.*
Menacer, *s.*, bagaɾṫóıɾ, -óɾa, -ɾí, *m.*

Menaces, *s.*, fúbta.

Menacing, *s.*, bagairt, -airta, *m.*: bí sé ag bagairt go dian orm, he was menacing me vehemently; bubaḋ; buaraḋ; ag cur eagla.

Menacing, *adj.*, bagairtaċ: bí bagairtaċ aċt ná bí buailteaċ, you may be menacing but not striking.

Menage, *s.*, teaglaċ, *gen.* -aiġ, *m.*

Mend, *v.*, do ḋearuġaḋ; do learuġaḋ; do ċur prieabán; to mend a fault, loċt do learuġaḋ, no do ċóruġaḋ; to mend one's pace, duine do luaċuġaḋ air a ċoircéimí; to mend after sickness, do ṫeaċt ċum slainte i ndiaiḋ tinnis, nó do ḃeiṫ air bireaċ.

Mendable, *adj.*, inleasuiġṫe, *ind.*

Mendacious, *adj.*, bréagaċ, -aiġe.

Mendacity, *s.*, gnáṫbréagaċt, -a, *f.*

Mended, *adj.*, cóiriġṫe; learuiġṫe; dearuiġṫe; air bireaċ.

Mender, *s.*, learuiġṫeóir; deiriġṫeóir; cóiriġṫeóir; a mender of old clothes, duine ċóiriġeas fean-éadaċ.

Mendicancy, *s.*, boċtanas, -ais, *m.*

Mendicant, *s.*, boċtán, *gen.* & *pl.* -áin.

Mendicant, *adj.*, boċt; mendicant friar, bráṫair boċt.

Mendicity, *s.*, boċtaine *f.*; fiaċtanas, *gen.* -ais, *m.*

Mending, *s.*, dearuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; learuġaḋ, -uiġṫe, *m.*; dul i bfeaḃas; dul air bireaċ; aṫċóruġaḋ.

Menial, *s.*, feirḃíreaċ, -ris, -riġe, *m.*; feaḋmanaċ, -aiġ, -aiġe, *m.*; fclábuiḋe.

Menial, *adj.*, feirḃíreamail, *comp.* -ṁla.

Menstrual, *adj.*, míoraṁail, *comp.* -ṁla.

Menstruation, *s.*, uaiṫne; laṁánta.

Mensurable, *adj.*, ollaṁ ar na ṫoṁas nó ar na ċoimriuġaḋ.

Mensuration, *s.*, toṁas, *gen.* -ais, *m.*

Mental, *adj.*, intinneaċ; ḃaineas leis an intinn.

Mentally, *adv.*, 'sa ṁeaḃais; 's aninntinn.

Mention, *v.*, d'aiṫris; do ċur i gcéill; do noċtaḋ go follus; do léirċuiṁniuġaḋ; do luaḋ; do ċur i n-uṁail.

Mentionable, *adj.*, ionaiṫrisṫe *ind.*

Mentioning, *s.*, luaḋ; ainmniuġaḋ.

Mentor, *s.*, coṁairleoiḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*

Mephitic, *adj.* bréan, *comp.* bréine; brocaċ.

Mercantile, *adj.* ceannuiġṫeaċ; tráċtála.

Mercantile town, *s.*, baile tráċtála.

Mercenary, *adj.* ainṁianaċ ċum fagḃáltais; fanntaċ.

Mercer, *s.*, duine ḋíolas mineasfaḋa.

Merchandise, *s. pl.*, easfaḋa ċum tráċtála.

Merchant, *s.*, ceannuiḋe; tráċtáluiḋe; timber merchant, tráċtáluiḋe adhmaid.

Merchantable, *adj.*, iontráċtála, *ind.*

Merchantman, long ceannuiḋe, *gen.* luinge —, *f.*

Merciful, *adj.*, trócaireaċ; tláiṫ, -e; grásaṁail.

Mercifulness, *s.*, trócaireaċt, -a, *f.*

Merciless, *adj.*, míoṫrócaireaċ; cruaḋálaċ; dúrċroiḋeaċ; éadtrócaireaċ.
Mercilessness, *s.*, míoṫrócaireaċt, -a, *f.*; éadtrócaire.
Mercurial, *adj.*, lán do ḃeoḋaċt; lán d'anam ir d'anáil.
Mercury, *s.*, airgead beó; biċearb.
Mercury (a plant), luiḃ aiṫriḋ; praireaċ iarla.
Mercury (English), praireaċ ḃráṫair; praireaċ iarla.
Mercury (wood), lur glinne ḃracadail.
Mercy, *s.*, trócaire, *gen. id.*, *f.*
Mere, *s.*, (1) loċ (lake); (2) teóra (boundary), *gen.* téoran, *dat.* teórain, *pl.* teoranna.
Merely, *adv.*, aṁáin.
Meretricious, *adj.*, claon ċum ṡtriapaċair.
Meridian, meaḋon lae.
Meridional, *adj.*, san áird ó ḋear.
Merit, *v.*, tuillim; airillim; airiltniġim.
Merit, *s.*, luaiḋeaċt, -a, *f.*; fiúntar, -air, *m.*
Meritable, *adj.*, iontuillte.
Merited, *p.p.*, tuillte; diġe.
Meritorious, *adj.*, tuillṁeaċ, -ṁiġe; fiúntaċ.
Meritoriousness, *s.*, tuillṁeaċt, -a, *f.*; fiúntaċt.
Merle, *s.*, lonnduḃ.
Merlin, *s.*, meirilliún, -úin, *m.*; sórt seaḃaic.
Mermaid, *s.*, murḋúaċ; maiġdéan mara; muirġeilt; murḋuċán.
Merman, *s.*, fear ṁara.
Merrily, *adv.*, go soilḃir; go meiḋreaċ.
Merriment, *s.*, súgra; soilḃreaċt, -a, *f.*; greann, -inn, *m.*; aeraċt, -a, *f.*; pléiḋ; meaḋair, -ḋre, *f.*; siamsa; lainne; uaslainneaċ.
Merry, *adj.*, súgaċ; he is a little merry with the juice of the grape, tá sé beagán súgaċ le súġ na finneaṁna; it is good to be merry and wise, ir maiṫ do ḃeiṫ súgaċ sáirċríonna; a merry tale, sceal suairc; soilḃir; greannṁar; urġáirdeaċ; sultṁar, -aire; meiḋreaċ; súḃaċ; uaslainneaċ.
Merry-andrew, *s.*, súgaire; asteóir.
Merry-making, *s.*, áḋḃaċt, *gen.* -a, *f.*
Mersion, *s.*, tumaḋ, .i. dul i n-uisce ṫar mullaċ an ċinn.
Meseems, *s.*, ir dóiġ liom.
Mesentery, *s.*, an scannán do ċeanglas na ṅinneaḋa don druim.
Mesh (of a net), mogal, *gen.* & *pl.* -ail, *m.*
Meshy, *ad.*, mogalaċ, *comp.* -aiġe.
Mesne, *adj.*, meáḋonaċ, *comp.* -aiġe.
Mess, *s.*, miar-ḃeiḋ—*O'R.*; miar do ḃiaḋ ar ḃiṫ curṫar ċum búird—*O'Beg.*; a good mess, miar maiṫ biḋ.
Mess, *v.n.*, ḃiaḋ do ċaiṫeaṁ le duine, to mess with one.
Message, *s.*, teaċtaireaċt, -a, *f.*; toirc, -e, *f.*; asdraċt—*T.C.*
Messenger, *s.*, teaċtaire, *gen. id.*, *pl.* -rí, *m.*; cúrsúir; uiḋġiolla; faoiḋeaṁ; taiḋleóir.
Messiah, *s.*, ár Slánuiġṫeóir Íosa Críost [an Túngṫaċ, an Túngṫa; Messiar—*John, I.*, xli—*Foley.*

Messuage, *s.*, teaġlaċ, *gen.* -aiġ, *m.*

Met, *v.*, ní'l teaġṁáil leiṛ; ní'l ṛé le ḟeiṛcint ṫíoṛ ná ṫuaṛ, he is not to be met with; iṛ lúṫ-ġáiṛeaċ liom teaġṁáil leaṫ, well met! teaġeoċaṛ leaṫ ḟóṛ, buailḟaṛ d'ḟiaiḋ ḟéin ḟúṫ, you will be met with yet! do ṫeaġṁaḋ leiṛ; ṫáṛlaḋ a ḟiaiḋ ḟéin leiṛ, he met his match; tá ṛiaḋ oiṛeaṁnaċ dá ċéile, they are well met:

Doċaṛaḋ oṛm ṛpéiṛ-ḃean, ṁaoṛḋa, ṁaiṛeaṁail,
Ciúin, taiṛ, banaṁail, náiṛeaċ.
I met a sky-woman, majestic, beautiful,
Mild, clement, womanly, bashful.

Metal, *s.*, miotail, *gen.* -tallaċ, *f.*; maṛ atá óṛ, aiṛġeaḋ, ꝛṛl.

Metallic, *adj.*, miotalaṁail, -ṁla.

Metalliferous, *adj.*, miotalaċ, -aiġe.

Metallist, *s.*, miotaluiḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*

Metallurgy, *s.*, oibṛiuġaḋ miotallaċ.

Metamorphic, *adj.*, ḟuiṛm aiṛtṛiġṫe.

Metamorphose, *v.*, d'aṫaṛṛuġaḋ o ḟuiṛm ġo ḟuiṛm eile; dealḃaiṛtṛiġim.

Metaphor, *s.*, ṛaṁluiġṫeaċṫ.

Metaphoric, *adj.*, ṛaṁluiġṫeaċ.

Metaphrase, *s.*, inntóḋ ṛcṛíḃinne ḟocal aṛ ḟocal.

Metaphysics, *s.*, áṛdeaġnaiḋeaċṫ, -a, *f.*

Metathesis, *s.*, deiliḋin, *gen.* -e, *f.*

Mete, *v.*, do ṫoṁaṛ amaċ.

Meted, *p.p.*, toṁaiṛte.

Metempsychosis, *s.*, dul an anma ó ċolainn ġo colainn—*O'Beg.*

Meteor, *s.*, dreiġe, *f.*—*O'R.*; óṛċomaiṛcṫe—*O'B.*; dreaġ—*Foley.*

Meteoric, *adj.*, óṛċomaiṛcṫeaċ.

Meter, *s.*, toṁaṛuiḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*

Metheglin, *s.*, meaḋ,-eiḋe, -a, *f.*; biṛḟíon.

Methinks, *v.*, ṛaoilim; meaṛaim; cṛeiḋim.

Method, *s.*, moḋ, *g.* & *p.* -a, *m.*; ṛlíġe, *gen. id.*, *pl.* -ġṫe, *f.*; methods of cruelty, ṛliġṫe nó moḋa cṛuaḋálaċṫa; deaġóṛduġaḋ; ġléaṛ; ṛáṛ.

Methodical, *adj.*, óṛduiġṫe; beaċṫ.

Methodise, *v.*, deaġóṛduiġim.

Methought, do ṛ̇aoil mé; do ṁeaṛ mé.

Metonymy, allainm, *gen.* allanma, *m.*

Metre, *s.*, cóiṁṛéiṛ; ṛéim—*O'Beg*; metuiṛ—*Stokes O'Dav. Gloss.*, 47; ṛannuiġeaċṫ, *gen.* -a, *f.*; to put into metre, do ċuṛ i ṛéim.

Metrical, *adj.*, ṛannuiġeaċ.

Metropolis, *s.*, áṛdċaṫaiṛ, -ṫṛaċ, -a, *f.*; ceannċaṫaiṛ; ceannḋún; pṛíoṁ-ċaṫaiṛ.

Metropolitan, *adj.*, áṛdċaṫaiṛeaṁail, -ṁla.

Mettle, *s.*, beóḋaċṫ, -a, *f.*; miṛneaċ, -niġ, *m.*; neaṛṫ, *g.* niṛṫ, *m.*; láḋaṛ, -aiṛ, *m.*; bṛiġ.

Mettled, } *adj.*, beóḋaċ; miṛ-
Mettlesome, } neaṁail, -ṁla; meaṛ; lúṫṁaṛ.

Mew (a sea fowl), *s.*, ḟaoileán, -áin, *m.*; ḟaoileóġ, -óiġe, -a, *f.*

Mew (to moult), *v.*, the stag mews, tá an caiṛṛḟiaḋ aġ ṛceiṫ nó aġ tṛéiġean a aḋaṛc; the hawk mews, tá an ṛeaḃac aġ cuṛ an tṛeanċlúiṁ ḋe.

Mew (like a cat), *v.*, mıaṁaoıl-eaḋ do ḋéanaṁ.
Mewing, *s.*, aʒ cur a ċroıceann, a clúṁ, nó a aḋarc ḋe.
Mew up, *v.*, do ḋruıd ʃuaʃ; do ḋúnaḋ; d'ıaḋaḋ.
Mice, *pl.* of Mouse, luċa; luċóʒa.
Michaelmas, *s.*, ƒéıl Ṁıċíl.
Mich, Miche, *v.*, d'ƒolaċ nó dul do leaṫ-taoıḃ aṁaıl do ġníḋ ʃcoláırí ʃaoḃa.
Micher, *s.*, claḋaıre d'ƒanaʃ ó ċuıdeaċtan d'eaʒla a ṁaoın do ċaıṫeaṁ.
Mickle, ıʃ mór na bıʒ ı ʒceann a ċéıle, many a little makes a mickle.
Microcosm, *s.*, doṁan beaʒ.
Microscope, *s.*, ʒloıne méaduıġṫe, .ı. ʒléaʃ ċum neıṫıḃ beaʒa d'ƒeıʃcınt.
Micturition, *s.*, múnaḋ, no dúıl múnaḋ ʒo mınıc.
Mid-day, *s.*, meaḋon lae.
Middle, *adj.*, meaḋonaċ.
Middle, *s.*, meaḋon; lár, -aır, *m.*; buıllʃcéın, -e, *f.*; ceaṛt-lár (centre); meıḋıʃc; muaḋ; cúm.
Middle-aged man, duıne meaḋon aoʃta.
Middling, *adj.*, eıdır eadtorra; cıa ċaoı ḃƒuıl tú, how are you? eıdır eadtorra, middling; cuıḃeaʃaċ; cáıleaṁaıl.
Midge, *s.*, cuıleóʒ, -óıʒe, -a, *f.*; míoltóʒ; cúıl ḃeaʒ.
Midland, *s.*, talaṁ ı lár talṁan eıle.
Mid-Lent, *s.*, lár an Ċaraıġıʃ.
Midnight, *s.*, meaḋon-oıḋċe.
Midriff, *s.*, buıllʃcéın, -e, *f.*
Midst, *s.*, lár; meaḋon; ar lár an cruınnıġṫe, in the midst of the crowd.
Midsummer, *s.*, lár an tʃaṁraıḋ; mıṫeaṁ(aın).—*Aisl. M.*, ƒéıl Eóın.
Midsummer-day, lá San Seaġáın, lá ƒéıle an Seaġáın; lá 'le'n Seaġáın, *cf.* lá le Muıre, Lady Day.
Midway, *s.*, leaṫ-ḃealaıġ; leaṫ ʃlıġe.
Midwife, *s.*, cnáıṁʃeaċ, -ʃıġe, -a, *f.* *See* Accoucheuse. A man midwife, cnáıṁʃeóır, -óra, -rí, *m.* *See* Accoucheur.
Midwifery, *s.*, cnáıṁʃeóıreaċt, -a, *f.*
Midwinter, *s.*, lár an ġeıṁrıḋ; meaḋon ġeıṁrıḋ; ʒrıanʒaṁʃtaḋ, the winter solstice.
Mien, *s.*, méın, -e, *f.*; ʒnaoı, *gen. id.*, *m.*; dealḃ, *gen.* deılḃe, *f.*
Might, *s.*, cuṁaċt, *gen.* -a, *f.*; neaṛt, *gen.* nıṛt, *m.*; comaʃ; with might and main, le neaṛt ıʃ le díċeall; claoıḋeann neaṛt ceaṛt, might overcomes right; she might possibly love him, do b'ƒéıdır ḋı ʒráḋ do ṫaḃaıṛt ḋo; it were well if it might be, ba ṁaıṫ é dá mb'ƒeıdır é; you might have gone there, do b'ƒéıdır leat dul ann ʃúd; [ceaċt, mam; mamaʃ; reaʒ; treıʃe].
Mightily, *adv.*, ʒo róṁór; ʒo comaʃaċ.
Mightiness, *s.*, comaʃaċt, *gen* -a, *f.*
Mighty, *adj.*, cuṁaċtaċ, uíleċuṁaċtaċ, comaʃaċ; aıntréan, *ind.*; mighty little, róḃeaʒ; mighty stubborn, róḋána; dıan; bale; taoḋḃalc; dıoʃca; ƒoırtıll; éaċtaċ; ʃpıonnaṁaıl; curata; arraċta.

Mignonette (wild), buiḋe móṙ.
Migrate, *v.*, imiṙcim.
Migration, *s.*, imiṙc, *gen.* -e, *f.*
Migratory, *adj.*, imiṙceaċ.
Milch-cow, bó bainne; loilġeaċ, *gen.* -ġiḋe, *pl.* -a, *f.*; he is as good as a milch cow to him, ní ḟeaṙṙ ḋo bó bainne aiġe ná é; cliṫaṙ ṙéo—*Cor. Glos.*; *Laws IV.*, 28-16, & Note 5, from which it would appear that in fixing fines the cliṫaṙ ṙéo .i. luaiġaċ = ḋaum timcella aṙaṫaṙ (ploughing ox) = buo inlaoġe, in calf cow.
Mild, *adj.*, ṙéiṁ, -e; ceannṙa, *ind.*; cneaṙṫa, *ind.*; ciúin, -e; mín, -e; caoin, -e; caoṁ, -oiṁe; macánta; mild weather, ṙíon ċiúin.
Mildew, *s.*, milċeó, *gen.* -ċiaċ; caoṫṙaḋ, -aiḋ, *m.*; ceó-ṁilteaċ, -iġ, *m.*; ġaoṫṙuaḋ, -aiḋ, *m.*; oṙuċt-ṁilleaċ; ṙnaiṙ liaṫ.
Mildness, *s.*, ṙéiṁe, *gen. id.*, *f.*; ceannṙaċt, -a, *f.*; cneaṙṫaċt, -a, *f.*; caoine, *gen. id.*, caoineaṙ, *gen.* -niṙ, *m.*; caoiṁe, *gen. id. f.*
Mile, *s.*, míle, *gen. id.*, *m.*; a measured mile, míle ṫoṁuiṙṫe; a long mile, míle ḟaḋa; a short mile, míle ġeáṙṙ.
Milestone, *s.*, cloċ ṁíle, *gen.* cloiċe míle, *pl.* cloċa míle, *f.*
Milfoil (a plant), aṫaiṙ talṁan; caṫaiṙ talṁan; luṙ na ġcluaṙ; milḋuille.
Milfoil (water), ṙlíḋ uiṙce; ṙluiġ uiṙce; linneaṙaċ; ṙnáiṫe báiṫeaḋ.
Militant, *adj.*, cóṁṙaiceaċ; ṙeaṙṁaċ; ciapálaċ.
Military, *adj.*, coġaṁail, *comp.* -ṁla.
Military, *s.*, aṙmáil, *gen.* -ála, *f.*
Militia, *s.*, ṙluaġ tíṙe, *m.*; laoċṙa, *m.*
Milk, *v.*, cṙúḋaim; bliġim; do bliaġan; bleaġanaim; bliḋim.
Milk, *s.*, bainne, *gen. id.*, *m.* [bleiḋ; ceo; ṙeaċ, leim; aṙġ; aṙ; meilġ; laċt; toṁlaċt; ġeaṙt cṙutaċ; ġeat; luim ṙeġ; ṙoil; ġall]; a woman's milk, bainne cíoċ mná; buttermilk, bláṫaċ, *gen.* -aiġe, *dat.* aiġ, *f.*; thick milk, bainne ṙaṁaṙ; laċt, -a, *m.*; milk and water, eanġlaiṙ, -e, *f.*
Milken, *adj.*, bainneaṁáil, -ṁla.
Milker, *s.*, bleaċtaiṙe, *gen* & *pl.*, *id.*, *m.*
Milk-house (dairy), teaċ bainne.
Milkiness, bainneaṁlaċt, *gen.* -a, *f.*
Milking, *s.*, cṙúḋaḋ, *gen* & *pl.* cṙuiḋṫe, *m.*; aġ cṙúḋaḋ na mbó, milking the cows.
Milking-bawn, *s.*, maċa, *gen. id.*, *pl.* -aiḋe, *m.*
Milking-time, *s.*, eaḋaṙṫa na mbó.
Milkmaid, *s.*, cailín na mbó.
Milkman, *s.*, ḟeaṙ ḋíolaṙ bainne.
Milkpail, *s.*, ġalún cṙúiḋṫe; ḋeaṙḃ, *gen.* ḋeiṙḃe, *pl.* -a, *dat.* ḋeiṙḃ, *f.*
Milkpan (for setting the milk), *s.*, cloġaiḋín, *gen. id.*, *m.*; cíléaṙ, -éiṙ, *m.*
Milksop, *s.*, loṙġánaċ ḟé ṙmaċt a ṁná; ḋuine ḋroiċ-ṁiṙniġ.
Milk-thistle (a plant), bleaċt ḟoṫannán.
Milk-tree, *s.*, cṙann-bainne.
Milk-vetch, *s.*, bliocṫ-ṗṙeán.
Milk-weed, *s.*, ṙpuiṙṙe.
Milkwoman, *s.*, bean ḋíolaṙ bainne.

Milk-wort, *s.*, bainne cíoċ na n-éan; ʒlúineaċ; luʃ an ċaine; luʃ bainne; luʃán bainne.

Milky, *adj.*, aṁail bainne; bleaċtaċ, -aiġe; bainneaṁail, -ṁla.

Milky-way, *s.*, an tʃliġe bainneaṁail—*O'Beg.*; láiʀ ḃán—*Foley.*

Mill, *s.*, muileann, *gen.* & *pl.* -linn, *m.*; muileann uiʃce, water mill; muileann ʒaoiṫe, wind mill; muilleann láiṁe nó bʀó, hand mill; muileann páipéiʀ, paper mill; mill to coin money, muileann aiʀʒid; to bring grist to the mill, aʀḃaʀ do ṫaḃaiʀt le meilt ċum an ṁuilinn.

Mill-clack, *s.*, claibín-ṁuilinn; ʒlaʒán, -áin, *m.*

Mill-dam, *s.*, linn ṁuilinn; bualċoṁla.

Mill-dust, *s.*, déanaċ muilinn.

Millenium, míle bliaḋan—*Foley.*

Milleped, *s.*, míol coille; céaḋċoʃaċ.

Miller, muilleóiʀ, *g.* -óʀa, *pl.* -ʀí, *m.*

Millet, *s.*, muiléaḋ.

Millet-grass, *s.*, meanḃṗʀeaʃaiʀ—*Hogan.*

Mill-horse, *s.*, capall muilleóʀa.

Milliner, *s.*, maintiméiʀ, *gen.* -e, *pl.* -ʀí, *f.*

Millinery, maintiméiʀeaċt, -a, *f.*

Million, *s.*, milliún, -úin, *m.*, .i. deiċ ʒcéaḋ míle.

Millionth, *adj.*, milliúnaḋ.

Mill-mountain (a plant), caolaċ; ceolaċ; míoʃaċ; minuaċ.

Mill-pond, *s.*, linn ṁuilinn; bualġlaʃ; taoiḋin.

Mill-race, *s.*, ʃʀuṫán muilinn .i. an ʃʀuṫ do ʒluaiʃeaʃ an ṁuileann.

Millstone, *s.*, bʀó(n) ṁuilinn; bʀón, -óin, -óinte, *m.*; a cunning old fellow that saw further into a millstone than his neighbour, ʃeannʀánuiḋe nó ʃeanḋʀaoi ʒlic do ċonnaiʀc a ṫaiʀḃe ʃéin taʀ a ċóṁaʀʃain.

Milt, *s.*, ʃealʒ, *gen.* ʃeilʒe, *f.* (milt of swine); ʃólabán nó bainne bán ʃan iaʃc ʃiʀeann; labán; meallóʒ [liobán, *Foley*].

Milter, *s.*, iaʃc ʃiʀeann.

Mime, *s.*, ʃonóṁaḋuiḋe .i. duine ḃíoʃ aʒ aiṫʀiʃ ⁊ aʒ ʃonóṁaḋ ʃá ḋaoiniḃ eile; duine ʃcʀioḃaʃ aiʃteaḋa ʃonóṁaḋaċa; aiṫʀiʃteóiʀ.

Mimetic, Mimetical, } *adj.*, ilċleaʃaċ, aiʃteaċ; aiṫʀiʃteaċ.

Mimic, *s.*, cleaʃuiḋe, *gen.* & *pl. id.*, *m.*; aiṫʀiʃteóiʀ, -óʀa, -ʀí, *m.*; ʃeaʀaʃóiʀ, -óʀa, -ʀí, *m.*; luailleaċ, -liġ, *m.*

Mimicry, *s.*, ilċleaʃaċt, -a, *f.*; aiṫʀiʃteaċt, -a, *f.*; ʀioʃaiṫʀiʃ ʀioʃalaiġeaḋ.

Mince, *v.*, do ġeaʀʀaḋ ʒo mion; minim.

Minced, *a.*, minġeaʀʀṫa; mion, -a.

Mincingly, ċuiʀ ʃé ṫaiʀiʃ é ʒo ʃleaṁain-ḃʀiaṫʀaċ, he passed it over mincingly.

Mincemeat, *s.*, mionḃʀuġṁan, -ain, *m.*

Mind, *s.*, intinn, -e, *f.*: taiʃbeánann m'intinn ḋam, my mind shows me; meaḃaiʀ, -bʀaċ, -bʀaċa, *f.*; tuiʒʃe, -ʃiona, *f.*; aiʒne, *gen. id.*, *m.*; ḃí ʃé ʒo móʀ i n-aʒaiḋ m' aiʒne-ʃe, it was much against my mind; tá m'intinn aiʃtʀiġṫe, my mind is changed; meanmna; mian.

Mind (inclination), *s.*, ꞇoıl, *gen.* ꞇola, *f.*; mıan, *gen.* méıne, *f.*; ꞇuıꞇeann ʒaċ níḋ amaċ mar ıs mıan leıs, everything falls to his mind; ꝺo ḃeıṫ uıle ꝺ'aon méın, to be all of one mind; ꝺúıl, -e, *f.*; an ḃfuıl aon ruꝺ ná taıṫnıġeann leaꞇ, is there anything that is not to your mind; mar ba ṁıan leó. as they had a mind; ꞇá a ṫoıl aıġe, he has his mind = wish; ní raıḃ ꝺúıl ṁór rıaṁ aʒam ann, I never had a great mind for it.

Mind (memory), cuıṁne, *gen. id.*, *f.*; to put in mind, ꝺo ċur ı ʒcuıṁne; to call to mind, ꝺo ṫaḃaırꞇ ċum cuıṁne; it is now out of my mind, ꞇá sé anoıs as mo ċuıṁne.

Mind, *v.*, taḃaır aıre ꝺoꝺ'ċúram féın, mind your own business, féaċ ı nꝺıaıḋ ꝺo ċúram féın; mind well what I say, taḃaır aıre ʒo maıṫ ꝺá n-abraım; he minds me not, ní'l ꞇoraḋ nó aıre aıʒe orm-sa; this is all he minds, aʒ so a ḃfuıl ꝺo ċúram aır.

